**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

**2023/0156(COD)**

26.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013
(COM(2023)0258 – C9-0175 – 2023/0156(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

PA_Legam

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

B'fhiú tuairim is €4 thrilliún allmhairí agus onnmhairí an Aontais le chéile in 2019 (arbh ionann é agus tuairim is 25 % de OTI an Aontais); earraí a thrasnaíonn teorainneacha is ea thart ar 2/3 de na sreafaí sin.

Gach bliain, tagann beagnach 700 milliún earra isteach san Aontas, dearbhaítear breis agus 350 milliún earra lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha agus déanann 15 mhilliún earra eile idirthuras tríd an Aontas Custaim. Ciallaíonn sé sin go ndearbhaítear tuairim is 33 ítim gach soicind agus luach custaim thart ar €150,000 orthu sin.

Léiríonn sé sin tionchar na trádála idirnáisiúnta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch an Aontais.

Tugann sé le fios go bhfuil ról atá ríthábhachtach ach nach eol do mhórán daoine ag lucht custaim i gcur chun feidhme chomhaontuithe trádála agus eacnamaíocha idirnáisiúnta an Aontais agus bheartais agus rialacha trádála idirnáisiúnta an Aontais ag teorainn sheachtrach an Aontais. Cosnaíonn na húdaráis chustaim slándáil an mhargaidh aonair agus an tslabhra soláthair. Tá siad buntábhachtach ó thaobh iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht a áirithiú i gcomhthéacs geopholaitiúil dúshlánach.

Ó rinneadh an t-athbhreithniú mór deireanach ar an gcód custaim in 2013, tá athrú tar éis teacht ar an domhan (teacht chun tosaigh na tráchtála digití, marthanacht nó teacht chun cinn bearrán nua trádála, Brexit, an phaindéim, ionradh gan chúis, neamhfhógartha agus neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin agus an cogadh a d'eascair as sin, aird níos mó a bheith á tabhairt ar an inbhuanaitheacht – SDGanna, Comhaontú Pháras agus an Comhaontú Bithéagsúlachta –, etc.) agus tá an tAontas tar éis tabhairt faoi chonair chun é féin a oiriúnú do na dúshláin nua agus dul i ngleic leis na dúshláin a bhí ann roimhe sin ar bhealach níos éifeachtúla. Go nithiúil, tá an tAontas tar éis bearta uathrialacha agus rialacháin tháirgeshonracha nó thrasearnálacha a ghlacadh agus a mhéid a bhaineann le cúrsaí custaim, ghlac sé na Critéir um Rioscaí Airgeadais agus na Caighdeáin agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le Caighdeáin (an "cinneadh FRC") agus treoraíocht chun comhchuibhiú a dhéanamh ar roghnú na n-allmhairí lena rialú ag na Ballstáit. Chomh maith leis sin, tá forálacha sna comhaontuithe trádála arna gcaibidliú ag an Aontas a bhaineann le comhar i réimse an chustaim le tríú tíortha.

Dá bhrí sin, bhí gá le hathbhreithniú domhain ar Chód Custaim an Aontais mar "d'fhéadfadh sé go gcuirfí rath uaillmhianta an Aontais a bhaineann le leas na ndaoine, sochaithe inbhuanaithe agus rathúnas trádála i mbaol má theipeann ar lucht custaim teorainn an Aontais a chosaint i gceart ag a pointí iontrála uile. Tá teorainn an Aontais chomh láidir leis an bpointe iontrála is laige atá aige". (Tuarascáil na Saoithe, 2022) I bhfianaise a bhfuil thuas, tá an t-athbhreithniú bunaithe ar an tuarascáil fadbhreathnaitheachta dar teideal The Future of Customs in the EU 2040 [Todhchaí an Chustaim san Aontas Eorpach 2040], agus ar Phlean Gníomhaíochta Custaim an Choimisiúin (2020), ar thuarascálacha éagsúla ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (2018, 2019, 2021) agus ar an Tuarascáil ón nGrúpa Saoithe maidir le hAthchóiriú Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh (2022). Tá forálacha agus socruithe nua le sonrú air inter alia:

- na rialacha nua le haghaidh díoltóirí ar líne agus ardáin ríomhthráchtála;

- an stádas nua trádálaithe ‘Iontaoibhe agus Seiceála’;
- bunú mhol sonraí custaim an Aontais agus bunú Údarás Custaim an Aontais;
- creat nua comhair le haghaidh comhoibriú struchtúrtha idir údaráis chustaim agus údaráis eile amhail údaráis faireachais margaidh agus comhlachtaí cosanta comhshaoil; agus
- comh-chroílár coiteann íosta gníomhartha nó neamhghníomhartha a thabhairt isteach arb ionann iad agus sáruithe custaim agus comh-chroílár coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla;

Cé go dtacaíonn an Rapóirtéir leis an treo foriomlán atá á ghlacadh ag an athbhreithniú, is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe Cód Custaim an Aontais a shoiléiriú nó a neartú.

1. Is iomchuí feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir an Cód athbhreithnithe féin agus an reachtaíocht eile (amhail CBAM, an Rialachán maidir le Dífhoraoisiú, an Rialachán maidir le Saothar Éigeantais, an Treoir maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaithe Corparáideach (CSDDD), REACH agus tionscnaimh a bheidh ann amach anseo) a bhaineann le custaim ar bhealach amháin nó ar bhealach eile trí rialuithe agus oibleagáidí sonracha a fhorchur ó thaobh comhroinnt sonraí agus/nó tuairisciú de. Is den tábhacht é freisin, i bhfianaise an tábhacht atá leo a bheith ag dul i méid maidir le múnlú na rialacha trádála agus i reachtaíocht an Aontais, gur fearr a chuirtear Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil san áireamh sa Chód.

2. Is bonneagar ríthábhachtach iad na húdaráis chustaim agus a gcórais TF i bhfianaise an róil lárnaigh atá acu; is féidir le heintitis eachtracha iarracht a dhéanamh mí-úsáid a bhaint astu chun tiomsú a dhéanamh ar fhaisnéis eacnamaíoch íogair a d’fhéadfaidís a úsáid chun críocha neamhthráchtála. Ba cheart an Cód a oiriúnú de réir na straitéise le déanaí maidir le slándáil eacnamaíoch na hEorpa agus na píosaí gaolmhara reachtaíochta maidir leis an gcibearshlándáil.

3. Ba cheart an deis a bheith ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta luathrabhaidh a sheoladh chuig na húdaráis chustaim nuair a bhíonn faisnéis iontaofa acu – a bhuí lena líonra idirnáisiúnta – go seolfaí earraí nach gcomhlíonann reachtaíocht an Aontais chuig an Aontas. D’fhéadfaí faisnéis den sórt sin a úsáid chun Mol Sonraí Custaim an Aontais a shaibhriú agus chun na rialuithe a threisiú i gcás inarb iomchuí.

4. Tosaíocht amháin de chuid cheapadh beartais an Aontais is ea feabhas a chur ar fhoinsiú amhábhar agus ar an ngeilleagar ciorclach. Tá staidéar taiscéalaíoch á dhéanamh ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim faoi láthair maidir le coigeartú beag ar an gCóras Comhchuibhithe ionas go rannchuideoidh sé le méadú a chur ar an ngeilleagar ciorclach. Ba cheart é a chur de chúram ar Údarás Custaim an Aontais a bheith réamhghníomhach trí chur chuige coiteann de chuid an Aontais a chothú maidir le húdaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile ionas go ngníomhóidh an tAontas mar aon eintiteas amháin san fhóram sin.

5. Tá ról ag lucht custaim sa chomhrac i gcoinne imchéimniú agus sáruithe indíreacha ar smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise nó cibé smachtbhannaí a d’fhéadfaí a chinneadh amach anseo. Foráiltear cheana féin sa Chód go bhféadfaí bearta sriantacha nó smachtbhannaí a ghlacadh agus d’fhéadfaí an chuid sin a chur i riocht níos soiléire.

6. Bheadh 80 % den trádáil i gceist le hOibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaobhais agus Seiceála. Dá bhrí sin, is den ríthábhacht é a ráthú go mbeidh na sochair shuntasacha a dheonaítear d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil an stádas sin acu á meaitseáil le rialuithe agus go n-aisghairfear an stádas má chinntear nach gcomhlíonann siad reachtaíocht fhioscach agus neamhfhioscach amhail CSDDD.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá an tAontas agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh bunaithe ar an aontas custaim. Chun leasanna oibreoirí eacnamaíocha agus údarás custaim san Aontas araon, le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ('an Cód'), déantar reachtaíocht chustaim a bhí i roinnt píosaí éagsúla reachtaíochta roimhe sin a chur i dtoll a chéile i ngníomh aonair, ina bhfuil na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta chun cur chun feidhme na mbeart taraife agus na mbeart eile a thugtar isteach ar leibhéal an Aontais i dtaca le trádáil in earraí idir an tAontas agus tíortha nó críocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais a áirithiú, agus na forálacha a bhaineann le muirir ar allmhairí a bhailiú. Tá údaráis chustaim na mBallstát freagrach as na rialacha sin a chur chun feidhme trí bhíthin cúraimí oibríochtúla amhail nósanna imeachta custaim a chur i bhfeidhm, anailís riosca agus rialuithe a dhéanamh agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe custaim. | *(1)* Tá an tAontas agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh bunaithe ar an aontas custaim. ***B'fhiú tuairim is 4 thrilliún EUR in 2019 allmhairí agus onnmhairí an Aontais le chéile (arbh ionann é agus thart ar 25 % de OTI an Aontais), is earraí a thrasnaíonn teorainneacha a bhí i gceist le thart ar dhá thrian de na sreafaí sin. Gach bliain, tagann beagnach 700 milliún earra isteach san Aontas, dearbhaítear breis agus 350 milliún earra lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha agus déanann 15 mhilliún earra eile idirthuras tríd an Aontas Custaim.*** Chun leasanna oibreoirí eacnamaíocha agus údarás custaim san Aontas araon, le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ('an Cód'), déantar reachtaíocht chustaim a bhí i roinnt píosaí éagsúla reachtaíochta roimhe sin a chur i dtoll a chéile i ngníomh aonair, ina bhfuil na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta chun cur chun feidhme na mbeart taraife agus na mbeart eile a thugtar isteach ar leibhéal an Aontais i |

dtaca le trádáil in earraí idir an tAontas agus tíortha nó críocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais a áirithiú, agus na forálacha a bhaineann le muirir ar allmhairí a bhailiú. Tá údaráis chustaim na mBallstát freagrach as na rialacha sin a chur chun feidhme trí bhíthin cúraimí oibríochtúla amhail nósanna imeachta custaim a chur i bhfeidhm, anailís riosca agus rialuithe a dhéanamh agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe custaim.

[40] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

[40] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is iomchuí go ***gcuirtear*** san áireamh sa reachtaíocht chustaim ***an fhorbairt thapa ar phátrúin*** trádála ***domhanda***, ar ***an teicneolaíocht***, ar shamhlacha gnó agus ar riachtanais ***páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear saoránaigh. Dá bhrí sin, is gá líon mór leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú. | *(3)* Is iomchuí go ***gcuirfear*** san áireamh sa reachtaíocht chustaim ***forbairt ghasta ar phatrúin*** trádála ***dhomhanda***, ar ***theicneolaíocht***, ar shamhlacha gnó agus ar riachtanais ***na ngeallsealbhóirí***, lena n-áirítear saoránaigh***, tomhaltóirí agus gnólachtaí chomh maith le reachtaíocht eile atá ábhartha ó thaobh custaim de. Sa lá atá inniu ann, tá níos mó ná 350 píosa reachtaíochta de chuid an Aontais ann lena rialaítear cur ar mhargadh an Aontais nó bearta sriantacha eile agus lena gcumhdaítear raon leathan réimsí beartais. Tá méadú beagnach faoi cheathair tagtha ar an líon sin le 20 bliain anuas. Luaitear sa Tuarascáil ón nGrúpa Saoithe: "D'fhéadfadh sé go gcuirfí rath uaillmhianta an Aontais maidir le leas na ndaoine, sochaithe inbhuanaithe agus rathúnas trádála i mbaol má theipeann ar lucht custaim teorainn an Aontais a*** |

***chosaint mar is ceart ag gach pointe iontrála*** dá ***chuid." Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go dtacódh an t-athbhreithniú ar an gCód Custaim le spriocanna Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála um Éascú Trádála, arb é is aidhm dó creat iontaofa agus soláimhsithe a bhunú d'oibreoirí eacnamaíocha a laghdóidh an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus a sheasfaidh na caighdeáin chomhlíontachta is gá ag an am céanna. Dá*** bhrí sin, is gá líon mór leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun foráil a dhéanamh maidir le modh éifeachtach chun cuspóirí an aontais custaim a bhaint amach, ba cheart athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar roinnt rialacha agus nósanna imeachta lena rialáiltear an chaoi a dtugtar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach uaithi. Ba cheart tacar nua-aimseartha comhtháite seirbhísí leictreonacha idir-inoibritheacha a ***sholáthar*** chun faisnéis atá ábhartha ***do chur*** chun feidhme reachtaíochta custaim a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh). Ba cheart Údarás Custaim AE ('Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh') a bhunú mar acmhainn oibríochtúil lárnach le haghaidh rialachas comhordaithe ar an aontas custaim i réimsí sonracha. | ***(4)*** Chun foráil a dhéanamh maidir le modh éifeachtach chun cuspóirí an aontais custaim a bhaint amach, ba cheart athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar roinnt rialacha agus nósanna imeachta lena rialáiltear an chaoi a dtugtar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach uaithi. Ba cheart tacar nua-aimseartha comhtháite seirbhísí leictreonacha idir-inoibritheacha a ***chur ar fáil i gcomhréir le RGCS agus leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (EUDPR)*** chun faisnéis atá ábhartha ***maidir le cur*** chun feidhme ***na*** reachtaíochta custaim a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh***, 'Mol Sonraí Custaim AE'***). Ba cheart Údarás Custaim AE ('Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh') a bhunú mar acmhainn oibríochtúil lárnach le haghaidh rialachas comhordaithe ar an aontas custaim i réimsí sonracha. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ó glacadh Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá forbairt tagtha ar ról na n-údarás custaim sa chaoi gur mó a chumhdaítear leis cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais agus reachtaíochta náisiúnta lena leagtar síos ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir maoirseacht custaim, go háirithe ceanglais neamhairgeadais maidir le hearraí a bhfuil gá leo chun go rachaidh na hearraí sin isteach sa mhargadh inmheánach agus i saorchúrsaíocht ann. Tá méadú ***ollmhór*** tagtha ar na ***cúraimí neamhairgeadais sin in imeacht na mblianta*** i gcomhréir leis ***na hionchais mhéadaitheacha a bhíonn ag gnólachtaí*** an Aontais agus ***saoránaigh den Aontas maidir le*** sábháilteacht, slándáil, ***rochtain ag daoine*** faoi mhíchumas, inbhuanaitheacht, sláinte agus beatha ainmhithe agus plandaí, an comhshaol, cosaint chearta an duine agus luachanna an Aontais. Tá uirlisí nua, amhail an Pas Táirge Digiteach, le tabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm i ndáil le táirgí ag leanúint de bheith ag freagairt do na hionchais sin. Is gá, dá bhrí sin, an méadú ar líon agus castacht rioscaí neamhairgeadais a léiriú trína áireamh i misean na n-údarás custaim tagairt shonrach do na leasanna poiblí uile sin a chosaint agus, i gcás inarb infheidhme, trí reachtaíocht náisiúnta, i ndlúthchomhar le húdaráis eile. | ***(5)*** Ó glacadh Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá forbairt tagtha ar ról na n-údarás custaim sa chaoi gur mó a chumhdaítear leis cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais agus reachtaíochta náisiúnta lena leagtar síos ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir maoirseacht custaim, go háirithe ceanglais neamhairgeadais maidir le hearraí a bhfuil gá leo chun go rachaidh na hearraí sin isteach sa mhargadh inmheánach agus i saorchúrsaíocht ann. Tá méadú ***as cuimse*** tagtha ar ***chúraimí neamhairgeadais den sórt sin thar*** na ***blianta*** i gcomhréir leis an ***méadú atá ag teacht ar ionchais ghnólachtaí agus shaoránaigh an*** Aontais***,*** agus ***leis na bearta uathrialacha a tugadh isteach mar thoradh air sin, amhail*** sábháilteacht, slándáil, ***inrochtaineacht do dhaoine*** faoi mhíchumas, inbhuanaitheacht, sláinte agus beatha ***an duine,*** ainmhithe agus plandaí, an comhshaol, cosaint chearta an duine agus luachanna an Aontais. Tá uirlisí nua, amhail an Pas Táirge Digiteach, le tabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm i ndáil le táirgí ag leanúint de bheith ag freagairt do na hionchais sin. Is gá, dá bhrí sin, an méadú ar líon agus castacht rioscaí neamhairgeadais a léiriú trína áireamh i misean na n-údarás custaim tagairt shonrach do na leasanna poiblí uile sin a chosaint agus, i gcás inarb infheidhme, trí reachtaíocht náisiúnta, i ndlúthchomhar le húdaráis eile. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I bhfianaise ***na forbartha ar an ról atá acu*** agus ***ar*** na samhlacha gnó ina n-oibríonn siad**,** agus chun go ***ngníomhóidh údaráis*** chustaim 'mar ***údarás*** amháin' agus ***go rannchuideoidh siad*** le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, is gá tuairisc níos ***beaichte*** a thabhairt ar an misean ***atá le déanamh ag údaráis*** chustaim trína gcuspóirí agus a gcúraimí a léiriú níos cruinne. | ***(6)*** I bhfianaise ***éabhlóid a róil*** agus na samhlacha gnó ina n-oibríonn siad agus chun go ***mbeidh na húdaráis*** chustaim ***in ann*** '***gníomhú*** mar ***eintiteas*** amháin' agus ***cur*** le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, is gá tuairisc níos ***cruinne*** a thabhairt ar ***thaobh amháin,*** an misean ***nach mór do na húdaráis*** chustaim ***a dhéanamh*** trína gcuspóirí agus a gcúraimí a léiriú ***ar bhealach*** níos cruinne ***agus, ar an taobh eile, gréasán na gcaidreamh oibríochtúil idir údaráis chustaim agus idir iad féin agus údaráis náisiúnta ábhartha eile agus údaráis idirnáisiúnta***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Lasmuigh dá ról traidisiúnta chun dleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil a bhailiú agus reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, tá ról ríthábhachtach ag údaráis chustaim chun forfheidhmiú a dhéanamh freisin ar reachtaíocht eile an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht náisiúnta eile maidir le hábhair chustaim. Ba cheart sainmhíniú ar an 'reachtaíocht eile ***[sin] a chuireann*** na húdaráis chustaim ***i bhfeidhm***' a thabhairt isteach chun creat éifeachtach a ***fhorbairt lena ndéanfar cur*** i bhfeidhm agus ***maoirseacht*** na gceanglas áirithe sin maidir le hearraí a ***rialáil***. Is féidir údar a thabhairt le toirmisc agus srianta den sórt sin ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; le sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; leis an gcomhshaol a | ***(8)*** Lasmuigh dá ról traidisiúnta chun dleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil a bhailiú agus reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, tá ról ríthábhachtach ag údaráis chustaim chun forfheidhmiú a dhéanamh freisin ar reachtaíocht eile an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht náisiúnta eile maidir le hábhair chustaim. Ba cheart sainmhíniú ar an 'reachtaíocht eile ***sin arna cur i bhfeidhm ag*** na húdaráis chustaim' a thabhairt isteach chun creat éifeachtach a ***thógáil chun rialú a dhéanamh ar chur*** i bhfeidhm agus ***ar mhaoirseacht*** na gceanglas áirithe sin maidir le hearraí ***agus ba cheart é*** a ***thabhairt cothrom le dáta go rialta chun na píosaí reachtaíochta is déanaí a bhfuil tionchar acu ar chustaim an Aontais a chur san áireamh***. Is féidir údar a thabhairt le toirmisc agus srianta den sórt |

| | |
|---|---|
| chosaint, le seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus le réadmhaoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna poiblí eile a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim. Ba cheart a áireamh freisin i gcoincheap na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm bearta beartais tráchtála agus bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh, chomh maith le bearta sriantacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 215 CFAE. | sin ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; le sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; leis an gcomhshaol a chosaint, le seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus le réadmhaoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna poiblí eile a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim. Ba cheart a áireamh freisin i gcoincheap na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ***inter alia*** bearta beartais tráchtála agus bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh, chomh maith le bearta sriantacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 215 CFAE. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Formhór na ngníomhaíochtaí aindleathacha lena ndéantar difear don chomhshaol, is lasmuigh de theorainneacha náisiúnta a tharlaíonn siad. Tá de thoradh orthu go gcuirtear ináitritheacht an phláinéid i mbaol agus tá an baol ann, dá mbarr, go mbainfear an bonn den Chomhaontú Glas don Eoraip agus go gcuirfear isteach ar chothrom iomaíochta idir oibreoirí eacnamaíocha. Trína áirithiú go bhforfheidhmítear na dlíthe ábhartha ag na teorainneacha, tá ról lárnach ag oifigigh custaim agus ag oifigigh rialaithe teorann sa slabhra forfheidhmiúcháin, rud a chabhraíonn le saoránaigh agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí na ngníomhaíochtaí sin atá ag éirí níos milltí de réir a chéile (Treoir Chustaim Ghlas maidir le Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, UNEP, 2022). Tá baint acu*** |

***le roinnt praiticiúlachtaí a bhaineann le Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil ('MEAnna') agus reachtaíocht náisiúnta ghaolmhar a chur chun feidhme, e.g. ítimí amhrasacha a shainaithint agus a sheiceáil; urghabháil agus diúscairt; cúrsaí sláinte agus sábháilteachta; saincheisteanna dlí; comhar le húdaráis eile; tuairisciú ar chásanna gáinneála neamhdhleathaigh i dtaobh tráchtearraí atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach feabhas a chur ar an eolas atá ag MEAnna agus ar dhlíthe náisiúnta gaolmhara, comhordú níos fearr a dhéanamh leis na húdaráis rialála ábhartha, an saineolas teicniúil a uasghrádú agus sonraí leordhóthanacha a bhailiú agus a anailísiú. Is iad na MEAanna lena mbaineann, inter alia:***

***a) Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt;***

***b) Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch;***

***c) an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol;***

***d) an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú;***

***e) Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair;***

***f) Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin;***

***g) Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí Áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta;***

***h) Coinbhinsiún Stócólm maidir le***

| | |
|---|---|
| | ***Truailleáin Orgánacha Mharthanacha;*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 a) Ba cheart go mbunófaí creat láidir le Cód Custaim an Aontais Eorpaigh le haghaidh feidhmiú oibreoirí eacnamaíocha. Le haon mhodhnuithe nó beachtas ar nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí custaim a leanann, mar shampla, gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme a ghlacadh, ba cheart a cheangal go gcomhlíonfar módúlachtaí cumarsáide sonraithe, aon uair a mheastar é sin a bheith ábhartha, agus ba cheart go gceadófaí leis, i gcás inarb iomchuí, tréimhse oiriúnaithe leordhóthanach do na hoibreoirí eacnamaíocha. Chun aonfhoirmeacht a áirithiú agus chun castacht a laghdú, ba cheart aon mhodhnuithe ar nósanna imeachta custaim agus ar fhoirmiúlachtaí custaim a chomhdhlúthú agus a chur chun feidhme le chéile.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cearta agus ***oibleagáidí na ndaoine atá freagrach as na hearraí a bheith ag teacht*** isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus ***ag imeacht uaithi, ba cheart iad*** a shainiú ***ní ba shoiléire***. Is é an chéad oibleagáid i gcónaí ba cheart a bheith ar dhaoine a mbíonn oibríochtaí tráthrialta custaim acu a bheith cláraithe leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad | ***(13) Ba cheart na*** cearta agus ***an oibleagáid atá ar na daoine a bhfuil freagracht orthu i leith na n-earraí a thugtar*** isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a ***thugtar amach aisti a*** shainiú ***ar bhealach níos soiléire, lena n-áirítear le haghaidh trédhearcachta maidir le praghsanna i leith tomhaltóirí***. Is é an chéad oibleagáid i gcónaí ba cheart |

| | |
|---|---|
| bunaithe. Ba cheart clárú aonair a bheith bailí le haghaidh an aontais custaim ina iomláine ach ba cheart é a bheith cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, an oibleagáid a bheith ar oibreoirí eacnamaíocha na húdaráis chustaim a chur ar an eolas faoi aon athrú ar a gcuid sonraí clárúcháin. Na daoine atá freagrach as na hearraí a bheith ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus ag imeacht uaithi, tá siad faoi dhliteanas i leith aon riosca sábháilteachta agus slándála a bhaineann leis na hearraí do shaoránaigh, chomh maith le rioscaí do shláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí. Ba cheart oibleagáidí an allmhaireora a shainiú freisin, go háirithe an oibleagáid go mbeidh sé bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais agus na heisceachtaí ar an oibleagáid sin. Ba cheart dóibh sin na rialacha atá ann cheana maidir leis an dearbhóir a bheith bunaithe san Aontas a leanúint. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart oibleagáidí an onnmhaireora a shainiú. | a bheith ar dhaoine a mbíonn oibríochtaí tráthrialta custaim acu a bheith cláraithe leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe. Ba cheart clárú aonair a bheith bailí le haghaidh an aontais custaim ina iomláine ach ba cheart é a bheith cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, an oibleagáid a bheith ar oibreoirí eacnamaíocha na húdaráis chustaim a chur ar an eolas faoi aon athrú ar a gcuid sonraí clárúcháin. Na daoine atá freagrach as na hearraí a bheith ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus ag imeacht uaithi, tá siad faoi dhliteanas i leith aon riosca sábháilteachta agus slándála a bhaineann leis na hearraí do shaoránaigh, chomh maith le rioscaí do shláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí. Ba cheart oibleagáidí an allmhaireora a shainiú freisin, go háirithe an oibleagáid go mbeidh sé bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais agus na heisceachtaí ar an oibleagáid sin. Ba cheart dóibh sin na rialacha atá ann cheana maidir leis an dearbhóir a bheith bunaithe san Aontas a leanúint. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart oibleagáidí an onnmhaireora a shainiú. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir agus coinníollacha áirithe chun go measfaidh údaráis chustaim gur trádálaithe comhlíontacha iontaofa iad, is féidir stádas AEO a dheonú dóibh agus féadfaidh siad tairbhiú dá réir sin d'éascuithe i bpróisis chustaim. Cé go n-áirithítear le scéim AEO go bhfuil na trádálaithe a bhíonn ag déileáil leis an gcuid is mó de thrádáil an Aontais ina dtrádálaithe iontaofa, tá laigí áirithe inti a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus i | ***(15)*** Oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir agus coinníollacha áirithe chun go measfaidh údaráis chustaim gur trádálaithe comhlíontacha iontaofa iad, is féidir stádas AEO a dheonú dóibh agus féadfaidh siad tairbhiú dá réir sin d'éascuithe i bpróisis chustaim. Cé go n-áirithítear le scéim AEO go bhfuil na trádálaithe a bhíonn ag déileáil leis an gcuid is mó de thrádáil an Aontais ina dtrádálaithe iontaofa, tá laigí áirithe inti a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar |

| | |
|---|---|
| dtorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chun déileáil leis na hábhair imní sin, go háirithe maidir leis na cleachtais náisiúnta éagsúla agus na dúshláin éagsúla a bhaineann le faireachán ar chomhlíonadh AEO, ba cheart na rialacha a leasú chun ***an*** oibleagáid ***atá ar na húdaráis chustaim*** faireachán a dhéanamh ar ***an gcomhlíontacht uair*** gach ***3 bliana*** ar a laghad ***a thabhairt isteach***. | Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus i dtorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chun déileáil leis na hábhair imní sin, go háirithe maidir leis na cleachtais náisiúnta éagsúla agus na dúshláin éagsúla a bhaineann le faireachán ar chomhlíonadh AEO, ba cheart na rialacha a leasú chun oibleagáid ***na n-údarás custaim*** faireachán a dhéanamh ar ***chomhlíonadh a thabhairt isteach*** gach ***2 bhliain*** ar a laghad ***agus an riosca agus líon na nósanna imeachta custaim á gcur san áireamh***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim agus ar an mbealach a n-oibrítear na húdaráis chustaim, tá comhpháirtíocht nua le hoibreoirí eacnamaíocha ag teastáil, is é sin an scéim um thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála. Na critéir agus na coinníollacha chun go dtiocfaidh trádálaí chun bheith ina thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, ba cheart dóibh critéir AEO a fhorbairt agus ba cheart a áirithiú leo freisin go measfar go bhfuil an trádálaí trédhearcach do na húdaráis chustaim. Dá bhrí sin, ***is iomchuí a chur de*** cheangal ar oibreoirí ***Iontaoibhe*** agus Seiceála rochtain a ***dheonú*** do na húdaráis chustaim ar a gcórais leictreonacha lena ***gcoimeádtar taifead ar a gcomhlíontacht*** agus ***ar ghluaiseacht a gcuid earraí***. Ba cheart tairbhí áirithe a bheith ag gabháil leis an trédhearcacht, go háirithe an fhéidearthacht go scaoilfear na hearraí thar ceann lucht custaim gan gá a bheith lena n-idirghabháil ghníomhach, ach amháin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm go bhformheastar an scaoileadh roimh ré agus chun íocaíocht an fhéich custaim a chur siar. Ós rud é gur cheart an modh | ***(16)*** Mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim agus ar an mbealach a n-oibrítear na húdaráis chustaim, tá comhpháirtíocht nua le hoibreoirí eacnamaíocha ag teastáil, is é sin an scéim um thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála. Na critéir agus na coinníollacha chun go dtiocfaidh trádálaí chun bheith ina thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, ba cheart dóibh critéir AEO a fhorbairt agus ba cheart a áirithiú leo freisin go measfar go bhfuil an trádálaí trédhearcach do na húdaráis chustaim. ***Is iomchuí,*** dá bhrí sin, ***a*** cheangal ar oibreoirí ***Iontaobhais*** agus Seiceála rochtain a ***thabhairt*** do na húdaráis chustaim ar a gcórais leictreonacha ***chun taifead a choinneáil maidir*** lena ***gcomhlíonadh*** agus ***maidir le gluaiseacht a n-earraí, ar choinníoll go bhfuil an rochtain sin comhréireach agus fíor-riachtanach***. Ba cheart tairbhí áirithe a bheith ag gabháil leis an trédhearcacht, go háirithe an fhéidearthacht go scaoilfear na hearraí thar ceann lucht custaim gan gá a bheith lena n-idirghabháil ghníomhach, ach amháin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm go bhformheastar an |

| | |
|---|---|
| oibre sin a ***bheith ag dul*** in ionad an ***chinn atá*** bunaithe ar dhearbhuithe custaim de réir a chéile, is iomchuí oibleagáid na ***n-údarás*** custaim ***athmheasúnú a dhéanamh ar na húdaraithe AEO atá ann cheana i dtaca le simplithe custaim*** go dtí deireadh na hidirthréimhse a ***bhunú***. | scaoileadh roimh ré agus chun íocaíocht an fhéich custaim a chur siar. Ós rud é gur cheart an modh oibre sin a ***chur*** in ionad an ***mhodha a bheidh*** bunaithe ar dhearbhuithe custaim de réir a chéile, is iomchuí oibleagáid na ***n-údarás*** custaim ***a leagan síos maidir leis an bpróiseas a éascú chun*** go ***mbeidh AEO ina dtrádálaithe Iontaobhais agus Seiceála go*** dtí deireadh na hidirthréimhse ***agus treoirlínte tiomnaithe*** a ***thabhairt isteach do FBManna***. ***I gcás ina sáródh an t-oibreoir sin oibleagáidí neamhfhioscacha amhail na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaithe Corparáideach, sa Rialachán maidir le Saothar Éigeantais, sa Rialachán maidir le Dífhoraoisiú, sa Rialachán maidir le Táirgí Sábháilteachta Ginearálta, sa Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta, d'fhéadfaí an stádas fabhrach a bhaint. Meastar go mbeadh na trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála i mbun 80 % den trádáil ar deireadh thiar.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun leibhéal aonfhoirmeach digitithe a áirithiú agus chun cothroime iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha sna Ballstáit uile a chruthú, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais a bhunú mar thacar córas agus seirbhísí leictreonacha láraithe, slána agus cibear-athléimneacha chun críoch custaim. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh cáilíocht, sláine, inrianaitheacht agus neamhshéanadh sonraí a phróiseáiltear ann a áirithiú, ionas nach mbeidh an seoltóir ná an faighteoir in ann a dhíospóid ar ball gur ann don mhalartú sonraí. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh na rialacháin ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus | ***(18)*** Chun leibhéal aonfhoirmeach digitithe a áirithiú agus chun cothroime iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha sna Ballstáit uile a chruthú, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais a bhunú mar thacar córas agus seirbhísí leictreonacha láraithe, slána agus cibear-athléimneacha chun críoch custaim. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh cáilíocht, sláine, inrianaitheacht agus neamhshéanadh sonraí a phróiseáiltear ann a áirithiú, ionas nach mbeidh an seoltóir ná an faighteoir in ann a dhíospóid ar ball gur ann don mhalartú sonraí. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh na rialacháin ábhartha maidir le próiseáil |

cibearshlándáil a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a dhearadh go comhpháirteach. Ba cheart a chur de chúram ar an gCoimisiún freisin Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a rialú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, rud a fhéadfaidh sé a tharmligean do chomhlacht eile de chuid an Aontais.

sonraí pearsanta agus cibearshlándáil ***lena n-áirítear RGCS agus an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (EUDPR)*** a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a dhearadh go comhpháirteach. Ba cheart a chur de chúram ar an gCoimisiún freisin Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a rialú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, rud a fhéadfaidh sé a tharmligean do chomhlacht eile de chuid an Aontais. ***Chun cosaint a thabhairt in aghaidh bristeacha trádála a d'fhéadfadh a bheith ann le linn clistí fairsinge i gcórais leictreonacha láraithe nó ar ghníomhaíochtaí trasnaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann ina ndéanfadh oibreoir eacnamaíoch faisnéis eacnamaíoch íogair atá beartaithe ar deireadh chun críocha neamhthráchtála a chomhthiomsú, tá sé ríthábhachtach don Choimisiún agus d'Údarás Custaim an Aontais dul i mbun iarrachtaí comhair leis na Ballstáit ionas go ndéanfaidh Mol Sonraí Custaim an Aontais réitigh lena n-áirithítear ardleibhéal cibearshlándála a chomhtháthú. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais cuidiú le feasacht a mhúscailt i measc na n-údarás custaim agus a áirithiú go dtugtar cosaint iomchuí do Mhol Sonraí Custaim an Aontais. Agus a Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála á dearadh acu, ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar ionsaithe féideartha i gcoinne a n-údarás custaim agus ba cheart dóibh freagairt leordhóthanach a ullmhú. Is é is aidhm dó sin slándáil na trádála a chosaint agus aon dochar do gheilleagar an Aontais a sheachaint. Ba cheart caighdeáin chibearshlándála a cheapadh sa chaoi go bhforbróidh siad i gcomhthráth leis na ceanglais rialála maidir le slándáil gréasán agus córas faisnéise. Agus Ionad Ilfhreastail an Aontais maidir le Custam á fhorbairt, á oibriú agus á chothabháil, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cloí leis na treoirlínte iomchuí***

***arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA).***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ba cheart do Mhol*** Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ***an*** malartú sonraí le córais, ardáin nó timpeallachtaí eile ***a chumasú*** chun ***méadú a dhéanamh ar cháilíocht*** na sonraí a úsáideann ***lucht custaim chun*** a gcúraimí a ***dhéanamh***, agus chun sonraí custaim ***ábhartha a roinnt*** le húdaráis eile, chun éifeachtacht rialuithe sa mhargadh inmheánach a mhéadú. I gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] agus sa Chreat Eorpach Idir‑inoibritheachta[46], ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh an idir‑inoibritheacht trasteorann agus trasearnála san Eoraip a chothú. Ba cheart dó leas a bhaint as acmhainn foinsí faisnéise riosca atá ann cheana agus ar fáil ar leibhéal an Aontais, amhail na córais mhear-rabhaidh um bia don duine agus d'ainmhithe (RASFF) agus um tháirgí neamhbhia (Geata Sábháilteachta), an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS), an Tairseach Forfheidhmiúcháin um Maoin Intleachtúil. Ba cheart dó a bheith mar bhonn taca chun chomhar straitéiseach agus oibríochtúil a fhorbairt, lena n-áirítear malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht, idir lucht custaim agus údaráis, comhlachtaí agus seirbhísí eile laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach. Thairis sin, ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh raon leathan ard-anailísíochta sonraí a sholáthar, lena n-áirítear freisin trí intleacht shaorga a úsáid. Leis an anailís | ***(20) Le Mol*** Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh***, ba cheart*** malartú sonraí ***a chumasú*** le córais, ardáin nó timpeallachtaí eile chun ***cáilíocht*** na sonraí a úsáideann ***údaráis chustaim i gcomhlíonadh*** a gcúraimí a ***mhéadú***, agus chun sonraí ***ábhartha*** custaim ***a chomhroinnt*** le húdaráis eile ***amhail údaráis faireachais margaidh agus údaráis na mBallstát atá freagrach as reachtaíocht ábhartha eile a fhorfheidhmiú agus lena n-áirítear ó thríú tíortha a mhéid is gá***, chun éifeachtacht ***na*** rialuithe sa mhargadh inmheánach a mhéadú. I gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] agus sa Chreat Eorpach Idir‑inoibritheachta[46], ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh an idir‑inoibritheacht trasteorann agus trasearnála san Eoraip a chothú. Ba cheart dó leas a bhaint as acmhainn foinsí faisnéise riosca atá ann cheana agus ar fáil ar leibhéal an Aontais, amhail na córais mhear-rabhaidh um bia don duine agus d'ainmhithe (RASFF) agus um tháirgí neamhbhia (Geata Sábháilteachta), an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS), an Tairseach Forfheidhmiúcháin um Maoin Intleachtúil. Ba cheart dó a bheith mar bhonn taca chun chomhar straitéiseach agus oibríochtúil a fhorbairt, lena n-áirítear malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht, idir lucht custaim agus údaráis, comhlachtaí agus seirbhísí eile laistigh dá |

sonraí sin, ba cheart anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís thuarthach a chumasú ionas go mbeidh coinne le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas nó a imíonn uaidh. Chun a áirithiú go mbeidh maoirseacht níos fearr ar shreafaí trádála agus bealach cuíchóirithe ann chun dul i gcomhar le húdaráis seachas údaráis chustaim, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith in ann úsáid a bhaint as creat comhair Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus, i gcás nach féidir an creat sin a úsáid, ba cheart dó seirbhís shonrach a chur ar fáil do na húdaráis sin trína bhféadfaidh siad na sonraí ábhartha a fháil, faisnéis a sholáthar agus a roinnt leis na húdaráis chustaim agus a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais earnálacha. Ba ghá sin i gcás nach mbeadh córas leictreonach ag na húdaráis eile a d'fhéadfaí a chónascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

n-inniúlachtaí faoi seach. Thairis sin, ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh raon leathan ard-anailísíochta sonraí a sholáthar, lena n-áirítear freisin trí intleacht shaorga a úsáid. Leis an anailís sonraí sin, ba cheart anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís thuarthach a chumasú ionas go mbeidh coinne le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas nó a imíonn uaidh. Chun a áirithiú go mbeidh maoirseacht níos fearr ar shreafaí trádála agus bealach cuíchóirithe ann chun dul i gcomhar le húdaráis seachas údaráis chustaim, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith in ann úsáid a bhaint as creat comhair Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus, i gcás nach féidir an creat sin a úsáid, ba cheart dó seirbhís shonrach a chur ar fáil do na húdaráis sin trína bhféadfaidh siad na sonraí ábhartha a fháil, faisnéis a sholáthar agus a roinnt leis na húdaráis chustaim agus a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais earnálacha. Ba ghá sin i gcás nach mbeadh córas leictreonach ag na húdaráis eile a d'fhéadfaí a chónascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

---

[45] [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM/2022/720 final – 2022/0379 (COD) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO san fhonóta seo.] Rialachán (AE) ../…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir‑inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir‑inoibritheach) [COM/2022/720 final – 2022/0379 (COD)] (IO L ..,…..2023, lch. .).

[46] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – An Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur

[45] [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM/2022/720 final – 2022/0379 (COD) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO san fhonóta seo.] Rialachán (AE) ../…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir‑inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir‑inoibritheach) [COM/2022/720 final – 2022/0379 (COD)] (IO L ..,…..2023, lch. .).

[46] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – An Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur

| | |
|---|---|
| Chun Feidhme, (COM/2017/0134 final). | Chun Feidhme, (COM/2017/0134 final). |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na sonraí a chuirtear faoi bhráid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, is sonraí neamhphearsanta den chuid is mó iad arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha maidir leis na hearraí atá á dtrádáil acu. Mar sin féin, áireofar ar na sonraí sin sonraí pearsanta freisin, go háirithe ainmneacha daoine aonair a ghníomhaíonn thar ceann oibreora eacnamaíoch nó údaráis. Chun a áirithiú go dtabharfar cosaint chomhionann do shonraí pearsanta agus d’fhaisnéis tráchtála, is iomchuí rialacha sonracha rochtana, rialacha maidir le rúndacht agus coinníollacha maidir le húsáid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú leis an Rialachán seo. Go ***sonrach***, ba cheart a bhunú cé na heintitis a fhéadfaidh ***sonraí*** atá stóráilte nó ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais ***Eorpaigh a rochtain*** nó a phróiseáil, ***i dteannta na ndaoine***, an ***Choimisiúin***, na ***n-údarás custaim*** agus Údarás Custaim an Aontais ***Eorpaigh***, agus ***cothromaíocht á baint amach idir*** riachtanais na n-eintiteas sin ***agus an riachtanas go n-áiritheofar nach ndéanfar*** na sonraí pearsanta agus rúnda ***a bhailítear*** chun ***críoch*** custaim ***a úsáid chun críoch breise ach a mhéid is lú is gá***. | ***(23)*** Na sonraí a chuirtear faoi bhráid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, is sonraí neamhphearsanta den chuid is mó iad arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha maidir leis na hearraí atá á dtrádáil acu. Mar sin féin, áireofar ar na sonraí sin sonraí pearsanta freisin, go háirithe ainmneacha daoine aonair a ghníomhaíonn thar ceann oibreora eacnamaíoch nó údaráis. Chun a áirithiú go dtabharfar cosaint chomhionann do shonraí pearsanta agus d’fhaisnéis tráchtála ***rúnda***, is iomchuí rialacha sonracha rochtana, rialacha maidir le rúndacht agus coinníollacha maidir le húsáid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú leis an Rialachán seo. Go ***háirithe***, ba cheart a bhunú cé na heintitis a fhéadfaidh ***rochtain a fháil ar shonraí*** atá stóráilte nó ***atá*** ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais nó ***na sonraí sin*** a phróiseáil, ***chomh maith leis na daoine***, an ***Coimisiún***, na ***húdaráis chustaim*** agus Údarás Custaim an Aontais, agus riachtanais na n-eintiteas sin ***a chothromú leis an ngá lena áirithiú go n-úsáidfear go comhréireach*** na sonraí pearsanta agus ***na sonraí*** rúnda ***arna mbailiú*** chun ***críocha*** custaim. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun a áirithiú go mbeidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) in ann a cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i ndáil le gníomhaíochtaí calaoiseacha a dhéanann difear do leasanna an Aontais, is iomchuí rochtain a bheith aici ar shonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus an rochtain sin a bheith an-chosúil leis an rochtain atá ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart OLAF a bheith i dteideal na sonraí a phróiseáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le cosaint sonraí i reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n‑áirítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Rialachán (AE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[48] . Chun a áirithiú ***go mbeidh*** OIPE ***(Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh) in ann*** a ***himscrúduithe a*** dhéanamh ar ábhair a bhaineann le ***custaim***, ba cheart ***í*** a bheith i dteideal rochtain a ***iarraidh*** ar na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais ***Eorpaigh***. Chun na feidhmeanna a dhéantar i gcórais TF náisiúnta na mBallstát a chaomhnú, ba cheart an deis a bheith ag údaráis chánach na mBallstát na sonraí a phróiseáil go díreach laistigh de Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh nó na sonraí a asbhaint ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad a phróiseáil ar mhodhanna eile. Dá réir sin, údaráis atá freagrach as sábháilteacht bia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] agus na húdaráis atá freagrach as faireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart na seirbhísí agus na huirlisí cearta a sholáthar dóibh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh sa chaoi go n‑úsáidfidh siad na sonraí custaim ábhartha chun rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha an Aontais agus dul i gcomhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí go dtiocfaidh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas a laghdú. Arna iarraidh | ***(24)*** Chun a áirithiú go mbeidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) in ann a cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i ndáil le gníomhaíochtaí calaoiseacha a dhéanann difear do leasanna an Aontais, is iomchuí rochtain a bheith aici ar shonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus an rochtain sin a bheith an-chosúil leis an rochtain atá ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart OLAF a bheith i dteideal na sonraí a phróiseáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le cosaint sonraí i reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n‑áirítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Rialachán (AE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[48] . Chun a áirithiú ***gur féidir le*** OIPE a ***chuid imscrúduithe a*** dhéanamh ar ábhair a bhaineann le ***custam***, ba cheart ***di*** a bheith i dteideal rochtain a ***fháil*** ar na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais. Chun na feidhmeanna a dhéantar i gcórais TF náisiúnta na mBallstát a chaomhnú, ba cheart an deis a bheith ag údaráis chánach na mBallstát na sonraí a phróiseáil go díreach laistigh de Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh nó na sonraí a asbhaint ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad a phróiseáil ar mhodhanna eile. Dá réir sin, údaráis atá freagrach as sábháilteacht bia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] agus na húdaráis atá freagrach as faireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart na seirbhísí agus na huirlisí cearta a sholáthar dóibh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh sa chaoi go n‑úsáidfidh siad na sonraí custaim ábhartha chun rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha an Aontais agus dul i gcomhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí go dtiocfaidh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas a laghdú. Arna iarraidh sin dó, is iomchuí rochtain a bheith ag Europol ar shonraí i |

sin dó, is iomchuí rochtain a bheith ag Europol ar shonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh sé in ann a chúraimí a dhéanamh mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] . Ba cheart rochtain ar shonraí neamhphearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith ag gach comhlacht agus údarás eile an Aontais agus gach comhlacht agus údarás náisiúnta eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex).

Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh sé in ann a chúraimí a dhéanamh mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] . Ba cheart rochtain ar shonraí neamhphearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith ag gach comhlacht agus údarás eile an Aontais agus gach comhlacht agus údarás náisiúnta eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex).

---

[47] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[48] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair custam agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

[49] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009,

[47] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[48] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair custam agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

[49] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009,

| | |
|---|---|
| (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1). | (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1). |
| [50] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53). | [50] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53). |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug ***sé*** tuairim ***uaidh an [...].*** | ***(30)*** Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ***(MECS)***i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug ***an Maoirseoir*** tuairim ***an 13 Iúil 2023. Rinne MECS naoi moladh chun an Cód Custaim athbhreithnithe a ailíniú ar bhealach níos fearr le dlí an Aontais um chosaint sonraí agus um príobháideachas. Chun cosaint shonraí pearsanta*** |

***thomhaltóirí an Aontais a chaomhnú go hiomlán, ní mór prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra agus an íoslaghdaithe sonraí maidir leis na forálacha a bhaineann le cosaint sonraí sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm***.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Is rud bunúsach é*** sraith bainistíochta riosca custaim ar leibhéal an Aontais ***a bheith ann*** chun a áirithiú ***go gcuirfear rialuithe custaim i bhfeidhm go comhchuibhithe*** sna Ballstáit. Is ann faoi láthair do chreat coiteann bainistíochta riosca lena gcuimsítear an fhéidearthacht go ndéanfaí réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a shainaithint i réimse an riosca airgeadais chun rialuithe custaim a dhéanamh, ach tá easnaimh mhóra ann. Chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil a dhéantar do leasanna airgeadais agus neamhairgeadais an Aontais agus na mBallstát toisc nach bhfuil rialuithe custaim á gcur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus toisc go bhfuil easpa bainistíochta riosca comhchuibhithe ann, is iomchuí na rialacha a leasú chun cur chuige níos stóinsí i leith bainistíocht riosca a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon. Áirítear leis sin dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha maidir leis an mbainistíocht riosca ar rioscaí airgeadais a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Go sonrach, is iomchuí tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chuimsítear i mbainistíocht riosca custaim, i gcur chuige timthriallach. Tá sé tábhachtach na róil agus na freagrachtaí atá ag an gCoimisiún, ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ag údaráis chustaim na mBallstát a | *(31)* ***Tá*** sraith bainistíochta riosca custaim ar leibhéal an Aontais ***ríthábhachtach*** chun ***cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialuithe custaim*** a áirithiú sna Ballstáit ***agus chun forfheidhmiú cuí na reachtaíochta Eorpaí lena gcruthaítear cúraimí nua do chustam a cheadú***. Is ann faoi láthair do chreat coiteann bainistíochta riosca lena gcuimsítear an fhéidearthacht go ndéanfaí réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a shainaithint i réimse an riosca airgeadais chun rialuithe custaim a dhéanamh, ach tá easnaimh mhóra ann. Chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil a dhéantar do leasanna airgeadais agus neamhairgeadais an Aontais agus na mBallstát toisc nach bhfuil rialuithe custaim á gcur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus toisc go bhfuil easpa bainistíochta riosca comhchuibhithe ann, is iomchuí na rialacha a leasú chun cur chuige níos stóinsí i leith bainistíocht riosca a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon. Áirítear leis sin dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha maidir leis an mbainistíocht riosca ar rioscaí airgeadais a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Go sonrach, is iomchuí tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chuimsítear i mbainistíocht riosca custaim, i gcur chuige timthriallach. Tá sé tábhachtach na róil agus na freagrachtaí atá ag an gCoimisiún, |

| | |
|---|---|
| shainaithint freisin. Tá sé fíor-riachtanach freisin foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú, agus go bhféadfaidh sé réimsí sonracha a shainaithint i réimse reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ar fiú tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh bainistíocht choiteann riosca agus rialuithe, gan an tslándáil a chur i mbaol. | ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ag údaráis chustaim na mBallstát a shainaithint freisin. Tá sé fíor-riachtanach freisin foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú, agus go bhféadfaidh sé réimsí sonracha a shainaithint i réimse reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ar fiú tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh bainistíocht choiteann riosca agus rialuithe, gan an tslándáil a chur i mbaol. ***Féadfaidh an Bord Comhairleach Custaim rannchuidiú leis an gcúram sin.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38 a) Ba cheart do na húdaráis chustaim teicneolaíochtaí úrscothacha amhail teicneolaíochtaí intleachta saorga (IS) agus teicneolaíochtaí cigireachta neamhionsáite (NII), amhail scanóirí x-ghathacha, a chomhtháthú ina bprótacail oibríochtúla. Is é is aidhm don mholadh seo feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcigireachtaí custaim, go háirithe maidir leis na méideanna méadaitheacha ríomhthráchtála trasteorann a bhainistiú. Moltar IS a chur chun feidhme maidir le híomhánna a aithint agus measúnú riosca a dhéanamh go huathoibríoch i rialuithe custaim chun an spleáchas ar ghrinnscrúdú láimhe a laghdú agus chun an riosca go mbeidh earráid dhaonna ann a mhaolú. Moltar go láidir teicneolaíochtaí comhbhrú íomhánna ceannródaíocha a úsáid chun scanadh x-ghatha a bhailiú, a stóráil agus a chartlannú go heacnamaíoch. Ba cheart go n-éascódh sé sin bunú stóir íomhá shubstaintiúil a bheidh ríthábhachtach le*** |

***haghaidh oiliúna agus forbairt algartam Braite Bagairtí Uathoibrithe (ATD). Moltar glacadh na teicneolaíochta Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) chun slándáil a dhaingniú agus éifeachtúlacht in oibríochtaí custaim a chuíchóiriú. Cuimsítear leis sin braiteoirí a ionchorprú i bhfeithiclí agus i gcoimeádáin chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar lastas agus turas a rianú, chomh maith le feabhas a chur ar an gcumarsáid idir scanóirí x-ghatha agus ríomhshéalaí (r-shéalaí) ar choimeádáin. Moltar freisin beartais agus reachtaíocht a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phríobháideachais agus malartaithe sonraí a bhaineann le cur chun feidhme IoT in oibríochtaí custaim. Cuirtear chun cinn úsáid uathoibriú róbatach próiseas (RPA) in oibríochtaí custaim chun tascanna ardtoirte, atriallacha a fhorghníomhú ar bhealach níos éifeachtúla ná mar a cheadaíonn cumas an duine. Áirítear leis sin fíorú comharthaí agus aighneachtaí dearbhaithe a uathoibriú, chomh maith le córais aitheantais carachtar optúla a chomhtháthú le haghaidh próisis fíorúcháin agus cheartúcháin thapa. Moltar d'údaráis chustaim glacadh le dea-chleachtais an tionscail agus athbhreithniú a dhéanamh go comhsheasmhach ar a straitéisí teicneolaíochta chun iad féin a ailíniú le dul chun cinn in IS, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus RPA. Moltar oiliúint agus oideachas leanúnach do phearsanra custaim chun an úsáid is éifeachtaí de na teicneolaíochtaí sin a áirithiú. Ba cheart comhlíonadh na bhforálacha sin a bheith faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla, agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtúlacht chur chun feidhme na teicneolaíochta in oibríochtaí custaim.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40 a) Aithnítear go cuí gur gné lárnach de gheilleagar an Aontais Eorpaigh é rannpháirtíocht na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna) agus rannpháirtíocht na micrifhiontar, na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (MFBManna) sa trádáil idirnáisiúnta. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh, d'fhonn tacú le FBManna agus le MFBManna, agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin uathúla atá os comhair FBManna agus MFBManna, agus sláine agus slándáil na bpróiseas trádála seachtraí á gcothabháil ag an am céanna, agus beidh feidhm acu maidir le stádas Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaobhais agus Seiceála. Ba cheart iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun na nósanna imeachta a shimpliú agus a dhéanamh níos inrochtana do FBManna agus do MFBManna, lena n-áiritheofar go n-éascófar agus go gcuirfear chun cinn an ról ríthábhachtach atá acu i dtrádáil sheachtrach an Aontais.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48 a) Bailíonn na húdaráis chustaim dleachtanna agus cánacha. De dheasca thearcluacháil leanúnach na n-earraí a allmhairítear, mídhearbhuithe luachanna, agus deighilt coinsíneachta chun fanacht faoi bhun na tairsí, agus é sin go léir níos measa fós mar gheall ar an méadú ar mhéideanna trádála, tá ioncam substaintiúil á bhaint den Aontas. Ní féidir an bhearna ioncaim custaim a*** |

| | |
|---|---|
| | ***ríomh go héasca de cheal sonraí iontaofa cuimsitheacha agus toisc go bhfuil modheolaíochtaí éagsúla in úsáid ag na húdaráis chustaim náisiúnta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Údarás Custaim an Aontais cabhrú leis an tsaincheist sin a réiteach.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(50 a) Tá scaoileadh earraí i saorchúrsaíocht faoi réir coinníollacha sonracha a chomhlíonadh. Braitheann nósanna imeachta maidir lena gcur chun feidhme agus lena bhforghníomhú ag údaráis chustaim agus allmhaireoirí an Aontais ar chinntí agus fianuithe ó údaráis na dtíortha onnmhairiúcháin agus ó onnmhaireoirí go gcomhlíonann na hearraí i dtrácht na coinníollacha sin. Ní mór forálacha a dhéanamh chun (a) neamh-chomhfhreagrais córasacha a shainaithint idir cinntí agus fianuithe na tíre onnmhairiúcháin den sórt sin agus cinntí agus fianuithe a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais, nuair atá neamh-chomhfhreagrais den sórt sin inchurtha i leith beartais agus cleachtais tíortha onnmhairíochta neamh-chomhfhreagracha, agus (b) cosc a chur ar neamhchomhfhreagras den sórt sin scaoileadh míchuí na n-earraí lena mbaineann i saorchúrsaíocht a bheith mar thoradh orthu. Féadfaidh an Coimisiún fógraí a eisiúint d'allmhaireoirí chun rabhadh a thabhairt d'allmhaireoirí faoi aon bheartas córasach neamh-chomhfhreagrach agus faoi aon chleachtas a eascraíonn as sin i dtríú tíortha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas allmhaireoirí reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear an cód custaim, i bhfianaise go mbíonn allmhaireoirí ag*** |

***brath go minic ar na cinntí a dhéanann onnmhaireoirí tríú tír agus údaráis tríú tíortha.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(50 b) De réir na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, tá an tionscnamh geografach ar cheann de phríomhthréithe na dtáirgí 'a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an tomhaltóir cinneadh idirbhirt a dhéanamh nach ndéanfadh sé murach sin'. Ní mór an tásc ceart ar a gcríoch tionscnaimh a bheith ar earraí. Níor cheart an tionscnamh nó an bhunáitíocht a bheith meabhlach; is gníomhaíocht mhíthreorach é a thoirmisctear de réir na Treorach seo.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(51 a) Ag breathnú siar air, dealraíonn sé go bhfuil an bonn á bhaint, de dheasca lúba ar lár, d'éifeachtacht Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine. Déanann oibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe san Aontas méideanna móra earraí atá ábhartha don chogadh a onnmhairiú chuig an Rúis trína comharsana nó go díreach. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacú leis na húdaráis chustaim ina gcomhrac i gcoinne*** |

| | |
|---|---|
| | ***imchéimniú na reachtaíochta custaim agus reachtaíochta ábhartha eile ag oibreoirí eacnamaíocha calaoiseacha. Féadfaidh sé socruithe oibre a thabhairt i gcrích le húdaráis chustaim eile chun na críche sin. Tríd an méid sin a dhéanamh, rannchuideoidh sé le straitéis eacnamaíoch na hEorpa agus le cur chun feidhme cuí an chórais smachtbhannaí.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52 a) Mar fhreagairt ar an bpaindéim, bhí na húdaráis chustaim rannpháirteach chun sábháilteacht agus slándáil a éascú do na hoifigigh nach mór dóibh earraí a rialú agus chun gur féidir trealamh cosanta pearsanta, vacsaíní, etc. a láimhseáil agus a sheachadadh go tapa. Cuireadh idirghabhálacha na ngníomhaithe lena n-áirítear EDS, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus rialtóirí Eorpacha agus náisiúnta eile i láthair le linn na paindéime. Dá bhrí sin, leagtar béim ann ar an ngá atá lena áirithiú, i gcás géarchéime, go gceadaítear leis an Rialachán comhoibriú idir Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i réimsí ina mbaineann a ngníomhaíochtaí le bainistiú an aontais custaim.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Níl struchtúr soiléir bainistíochta oibríochtúla sa chreat rialachais atá ann cheana le haghaidh an aontais custaim, agus ní léirítear leis an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí custaim ó cruthaíodh in 1968 é. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is iad údaráis chustaim náisiúnta atá freagrach as na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbainistíocht rioscaí i sreafaí trádála, amhail rialuithe ar an talamh a chur chun feidhme agus cinntí a dhéanamh maidir leo. D'ainneoin comhar a bheith idir riaracháin chustaim náisiúnta ó cruthaíodh an t-aontas custaim, rud a raibh malartú dea-chleachtais agus saineolais agus forbairt treoirlínte coiteanna mar thoradh air, níor forbraíodh cur chuige comhchuibhithe agus creat oibríochtúil dá thoradh. Faoi láthair, tá éagsúlachtaí cleachtais sna Ballstáit a lagaíonn an t-aontas custaim. Níl aon chumas lárnach ann i dtaobh anailís riosca ná aon léargas coiteann ar ord tosaíochta rioscaí, tá an comhordú ar ghníomhaíochtaí agus rialuithe custaim teoranta agus níl aon chreat comhair ann idir na húdaráis éagsúla a fhreastalaíonn ar an margadh aonair. Le sraith oibríochtúil lárnach de chuid an Aontais chun saineolas agus acmhainní a ***thiomsú*** agus ***cinntí a dhéanamh le chéile, ba cheart*** aghaidh a thabhairt ar laigí ***den sórt sin*** i réimsí amhail ***bainistíocht*** sonraí, ***bainistíocht*** riosca agus oiliúint ***chun an t-aontas*** custaim ***a chur ag gníomhú 'mar údarás amháin'***. Dá bhrí sin, is iomchuí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú. Tá cruthú an Údaráis nua sin ríthábhachtach chun feidhmiú éifeachtúil leormhaith an aontais custaim a áirithiú, chun gníomhaíocht chustaim a chomhordú go lárnach agus chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás custaim. | ***(53)*** Níl struchtúr soiléir bainistíochta oibríochtúla sa chreat rialachais atá ann cheana le haghaidh an aontais custaim, agus ní léirítear leis an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí custaim ó cruthaíodh in 1968 é. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is iad údaráis chustaim náisiúnta atá freagrach as na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbainistíocht rioscaí i sreafaí trádála, amhail rialuithe ar an talamh a chur chun feidhme agus cinntí a dhéanamh maidir leo. D'ainneoin comhar a bheith idir riaracháin chustaim náisiúnta ó cruthaíodh an t-aontas custaim, rud a raibh malartú dea-chleachtais agus saineolais agus forbairt treoirlínte coiteanna mar thoradh air, níor forbraíodh cur chuige comhchuibhithe agus creat oibríochtúil dá thoradh. Faoi láthair, tá éagsúlachtaí cleachtais sna Ballstáit a lagaíonn an t-aontas custaim. Níl aon chumas lárnach ann i dtaobh anailís riosca ná aon léargas coiteann ar ord tosaíochta rioscaí, tá an comhordú ar ghníomhaíochtaí agus rialuithe custaim teoranta agus níl aon chreat comhair ann idir na húdaráis éagsúla a fhreastalaíonn ar an margadh aonair. ***Tá dea-thoradh ar an gcomhar oibríochtúil feabhsaithe i bhFoireann Saineolaithe Teorann an Oirthir agus an Oirdheiscirt (CELBET), agus is é is aidhm do Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach a bunaíodh*** le ***déanaí cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais a bhunú i leith an chomhraic i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí trí chalafoirt mhuirí. Le*** sraith oibríochtúil lárnach de chuid an Aontais***, d'fhéadfaí an acmhainneacht eagraíochtúil agus na huirlisí is gá a sholáthar*** chun ***tionscnaimh den sórt sin a mhéadú agus cur leo. D'fhéadfadh sé*** saineolas agus acmhainní a ***chomhthiomsú,*** agus ***cinnteoireacht chomhpháirteach a chumasú chun*** aghaidh a thabhairt ***tuilleadh*** ar laigí i réimsí amhail ***bainistiú*** |

sonraí, ***bainistiú*** riosca agus oiliúint***, rud a chuirfeadh ar chumas an aontais*** custaim ***"gníomhú mar aon ní amháin" agus é ag déileáil le tosaíochtaí agus dúshláin choiteanna***. Dá bhrí sin, is iomchuí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú. Tá cruthú an Údaráis nua sin ríthábhachtach chun feidhmiú éifeachtúil leormhaith an aontais custaim a áirithiú, chun gníomhaíocht chustaim a chomhordú go lárnach agus chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás custaim.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na critéir atá le cur san áireamh chun rannchuidiú leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le suíomh a roghnú d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart a áireamh orthu an dearbhú gur féidir an tÚdarás a bhunú ar an láthair ar theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, inrochtaineacht an tsuímh agus saoráidí leordhóthanacha oideachais a bheith ann le haghaidh leanaí na mball foirne chomh maith le rochtain iomchuí a bheith ag leanaí agus céilí na mball foirne araon ar an margadh saothair, ar an tslándáil shóisialta agus ar chúram leighis. I bhfianaise chineál comhoibritheach an chuid is mó de ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dlúthnasc a bheidh idir na córais TF a choinneoidh an Coimisiún ar bun le linn na hidirthréimhse, tráth a bheidh Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh á fhorbairt agus á oibriú ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart an tÚdarás a bheith in áit ina dtabharfar caoi don dlúthchomhar sin leis an gCoimisiún, le húdaráis réigiúin an Aontais arb iad na réigiúin is ábhartha don trádáil idirnáisiúnta iad, agus le comhlachtaí | *(55)* Na critéir atá le cur san áireamh chun rannchuidiú leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le suíomh a roghnú d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart a áireamh orthu an dearbhú gur féidir an tÚdarás a bhunú ar an láthair ar theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, inrochtaineacht an tsuímh agus saoráidí leordhóthanacha oideachais a bheith ann le haghaidh leanaí na mball foirne chomh maith le rochtain iomchuí a bheith ag leanaí agus céilí na mball foirne araon ar an margadh saothair, ar an tslándáil shóisialta agus ar chúram leighis. I bhfianaise chineál comhoibritheach an chuid is mó de ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dlúthnasc a bheidh idir na córais TF a choinneoidh an Coimisiún ar bun le linn na hidirthréimhse, tráth a bheidh Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh á fhorbairt agus á oibriú ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart an tÚdarás a bheith in áit ***dhea-nasctha*** ina dtabharfar caoi don dlúthchomhar sin leis an gCoimisiún, le húdaráis réigiúin an Aontais arb iad na réigiúin is ábhartha don trádáil idirnáisiúnta iad, agus le comhlachtaí |

ábhartha AE agus idirnáisiúnta (mar shampla, an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim chun malartú praiticiúil a éascú maidir le hábhair shonracha). I bhfianaise na gcritéar sin, ba cheart Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lonnaithe in [...].

ábhartha AE agus idirnáisiúnta (mar shampla, an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim chun malartú praiticiúil a éascú maidir le hábhair shonracha). I bhfianaise na gcritéar sin, ba cheart Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lonnaithe in [...].

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin ar Bhord Bainistíochta chun feidhmiú éifeachtach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na gcáilíochtaí i gcomhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a roghnú. Ó tharla go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an aontas custaim, agus go bhfuil dlúthnasc idir an réimse custaim agus réimsí eile beartais, is iomchuí a chathaoirleach a thoghadh as measc na n-ionadaithe sin de chuid an Choimisiúin. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Bhord Bainistíochta, go háirithe, doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh lena n-áirítear clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, a fheidhmeanna maidir le buiséad an Údaráis a dhéanamh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le cúraimí oibríochtúla an Údaráis arb é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhéanann iad. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnamh | ***(56)*** Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin ar Bhord Bainistíochta chun feidhmiú éifeachtach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na gcáilíochtaí i gcomhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a roghnú. Ó tharla go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an aontas custaim, agus go bhfuil dlúthnasc idir an réimse custaim agus réimsí eile beartais, is iomchuí a chathaoirleach a thoghadh as measc na n-ionadaithe sin de chuid an Choimisiúin. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Bhord Bainistíochta, go háirithe, doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh lena n-áirítear clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, a fheidhmeanna maidir le buiséad an Údaráis a dhéanamh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le cúraimí oibríochtúla an Údaráis arb é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhéanann iad. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Bainistíochta. ***Ba cheart go*** |

| | |
|---|---|
| don Bhord Bainistíochta. | ***mbeadh Bord Comhairleach Custaim comhdhéanta de 10 n-ionadaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó ghnólachtaí ar bhealach cothrom, a dhéanann ionadaíocht ar chónaidhm fostóirí, lena n-áirítear cónaidhm FBM amháin ar a laghad, eagraíochtaí tomhaltóirí uile-Eorpacha agus ceardchumainn agus eagraíochtaí sóisialta sibhialta um chearta an duine agus um an gcomhshaol. Ba cheart é a bhunú chun cúnamh a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin agus d'Údarás Custaim an Aontais trí ionchur a thabhairt maidir le gnéithe custaim reachtaíochta eile agus trí luathrabhaidh a sheoladh i gcás ina bhfuil imní chuí-réasúnaithe air a bheith in amhras gur dócha go sáróidh earraí áirithe a allmhairítear san Aontas reachtaíocht chustaim nó reachtaíocht eile. Ba cheart don CAB an fhaisnéis a chuireann na Grúpaí Comhairleacha Baile ar fáil a chur san áireamh. Féadfar rochtain a thabhairt dó ar Mhol Sonraí Custaim an Aontais faoi fhorálacha arna leagan síos ag an gCoimisiún. Ba cheart go gcuirfeadh sé feabhas ar na hiarrachtaí comhoibríocha agus go roinnfeadh sé an bonn eolais atá riachtanach d'oibríochtaí custaim láidre eolasacha faoi chuimsiú na gcomhaontuithe saorthrádála.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(58 a) Mar aitheantas ar thimpeallacht na trádála domhanda atá ag síorathrú, arb é is príomhthréith di tosaíocht mhéadaitheach na ríomhthráchtála trasteorann agus an gá atá le rialuithe custaim éifeachtúla, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le húsáid fheabhsaithe a bhaint as teicneolaíochtaí na*** |

| | |
|---|---|
| | ***hintleachta saorga (IS) agus na cigireachta neamh-ionsáite (NII) in oibríochtaí custaim.*** |

*Justification*

*This recital and the corresponding article advocate for the integration of Artificial Intelligence (AI) and Non-Intrusive Inspection (NII) technologies, such as X-ray scanners and Internet of Things (IoT) devices, into customs operations to significantly enhance the efficiency, accuracy, and security of customs controls. By adopting these advanced technologies, customs authorities can automate and optimize processes like image identification, risk assessment, and cargo monitoring, reducing manual errors and increasing operational capacity, especially critical in managing the surge in cross-border e-commerce. Furthermore, the amendment emphasizes the importance of continuous training for customs personnel, policy development for data privacy, and regular updates to technological strategies, ensuring these innovations are effectively and responsibly integrated into customs practices.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59 a) Tá an gá le cur chuige cuíchóirithe, éifeachtúil agus inrochtana, chun faisnéis a bhaineann le bearta trádála uathrialacha agus bainistiú sonraí custaim a bhainistiú agus a scaipeadh, ríthábhachtach d'fheidhmiú cuí na trádála idirnáisiúnta. D'fhéadfadh tairseach láraithe soláimhsithe chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ábhartha agus nuashonraithe uile, lena n-áirítear taraifí, cuótaí, smachtbhannaí, agus trádbhaic, cabhrú le cuideachtaí a bhfuil dúshláin shuntasacha rompu bearta trádála uathrialacha éagsúla a chomhlíonadh mar gheall ar chastacht agus ilroinnt na faisnéise atá ar fáil agus comhleanúnachas níos fearr a chur chun cinn eatarthu agus comhlíonadh a gcuid ceanglas a chothú. Laghdódh sé freisin an t-ualach ar chuideachtaí maidir leis an bhfaisnéis sin a fhoinsiú, rud a chuirfeadh cur i bhfeidhm na mbeart sin*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***chun cinn ar bhealach níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***(60 a) Is é an Córas Comhchuibhithe (CC) an ainmníocht lena gceadaítear aicmiú na n-earraí intrádála go léir ar domhan, lena n-áirítear na hearraí sin nár ceapadh go fóill, agus tá sé ina bhonn taca leis an gcóras trádála domhanda. Is féidir cinneadh a dhéanamh tabhairt faoi athbhreithniú ar an gCóras Comhchuibhithe chun aicmiú nua a bhunú le haghaidh cineál nua táirge chun é a dhéanamh níos feiceálaí chun go mbaileofar faisnéis staidrimh dhomhanda a bhaineann go sonrach leis na hearraí inspéise agus chun bearta trádála ar leith a chur chun feidhme chun é a chur chun cinn. Mar shampla, tá staidéar taighde á dhéanamh ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, a dhéanann maoirseacht ar an gCóras Comhchuibhithe, ina bhfuil scrúdú á dhéanamh ar shláinte fhoriomlán an Chórais Chomhchuibhithe, agus ar leibhéal a oiriúnaithe do riachtanais athraitheacha na trádála agus an bheartais trádála, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhshaol agus leis an ngeilleagar ciorclach. Tá sé de chúram air meastóireacht a dhéanamh féachaint an bhfuil athruithe straitéiseacha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCóras Comhchuibhithe, nó ar a uirlisí, lena bhféadfaí cabhrú leis an gCóras Comhchuibhithe freastal níos fearr ar riachtanais an lae inniu agus ar na deiseanna a bheidh ann amach anseo, agus tuarascáil a thabhairt do Chomhaltaí WCO maidir leis na féidearthachtaí sin. I bhfianaise na*** |

***tábhachta straitéisí a bhaineann le tionscnamh den sórt sin ó thaobh caighdeáin dhomhanda a shocrú, is iomchuí go n-ullmhódh agus go gcomhordódh Údarás Custaim an Aontais údaráis náisiúnta chustaim ionas gur féidir leo gníomhú mar aon ní amháin nuair is gá.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'ainneoin go bhfuil an reachtaíocht chustaim comhchuibhithe tríd an gCód, níor áiríodh le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ach an oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis i gcás nach gcomhlíontar an reachtaíocht chustaim agus níor ceanglaíodh leis ach go mbeadh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá rogha pionós custaim ag na Ballstáit, dá bhrí sin, a bhfuil éagsúlacht mhór eatarthu ar fud na mBallstát agus atá faoi réir forbartha le himeacht ama. Ba cheart creat coiteann a leagan síos lena mbunaítear croíthacar íosta sáruithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla. Tá gá le creat den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cur i bhfeidhm aonfhoirmigh agus na héagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit i gcur i bhfeidhm smachtbhannaí in aghaidh sáruithe ar reachtaíocht chustaim a d'fhéadfadh saobhadh ar an iomaíocht, bealaí éalaithe agus 'siopadóireacht chustaim' a bheith mar thoradh orthu. Is éard ba cheart a bheith sa chreat liosta coiteann de ghníomhartha nó neamhghníomhartha ar cheart iad a bheith ina sáruithe custaim sna Ballstáit uile. Chun na smachtbhannaí is infheidhme a chinneadh, ba cheart d'údaráis chustaim a shainiú an ndéantar na gníomhartha nó na | *(61)* D'ainneoin go bhfuil an reachtaíocht chustaim comhchuibhithe tríd an gCód, níor áiríodh le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ach an oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis i gcás nach gcomhlíontar an reachtaíocht chustaim agus níor ceanglaíodh leis ach go mbeadh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá rogha pionós custaim ag na Ballstáit, dá bhrí sin, a bhfuil éagsúlacht mhór eatarthu ar fud na mBallstát agus atá faoi réir forbartha le himeacht ama. Ba cheart creat coiteann a leagan síos lena mbunaítear croíthacar íosta sáruithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla. Tá gá le creat den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cur i bhfeidhm aonfhoirmigh agus na héagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit i gcur i bhfeidhm smachtbhannaí in aghaidh sáruithe ar reachtaíocht chustaim a d'fhéadfadh saobhadh ar an iomaíocht, bealaí éalaithe agus 'siopadóireacht chustaim' a bheith mar thoradh orthu. Is éard ba cheart a bheith sa chreat liosta coiteann de ghníomhartha nó neamhghníomhartha ar cheart iad a bheith ina sáruithe custaim sna Ballstáit uile. Chun na smachtbhannaí is infheidhme a chinneadh, ba cheart d'údaráis chustaim a shainiú an ndéantar na gníomhartha nó na |

| | |
|---|---|
| neamhghníomhartha sin d'aon ghnó nó trí fhaillí fhollasach. | neamhghníomhartha sin d'aon ghnó nó trí fhaillí fhollasach. ***Ba cheart don Choimisiún a mheas go tráthrialta an dreasacht leordhóthanach iad na smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cuspóirí Chód Custaim an Aontais a bhaint amach agus a ghníomhaíochtaí a choigeartú i gcomhréir lena thorthaí.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is gá forálacha coiteanna a bhunú i leith tosca maolaitheacha, agus i leith imthosca géaraitheacha, maidir leis na sáruithe custaim. An tréimhse ***theorann*** chun imeachtaí um shárú custaim a thionscnamh***, ba cheart í*** a bhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ba cheart ***í*** a bheith ***idir 5 bliana agus 10 mbliana, sa chaoi go ndéanfar foráil maidir le riail choiteann bunaithe ar*** an teorainn ama ***chun*** fógra a thabhairt faoi fhiach custaim. An dlínse ina ndearnadh an sárú, is í sin an dlínse inniúil ba cheart a bheith ann. Tá ***gá le*** comhar idir na Ballstáit i gcásanna ***ina ndearnadh*** an sárú custaim i níos mó ná Ballstát amháin***; sna cásanna*** sin, ba cheart don ***Bhallstáit*** a thionscnaíonn na himeachtaí ***dul i gcomhar*** leis na húdaráis chustaim eile ***ar cás leo*** an sárú custaim céanna. | ***(62)*** Is gá forálacha coiteanna a bhunú i leith tosca maolaitheacha, agus i leith imthosca géaraitheacha, maidir leis na sáruithe custaim. ***Tá sé léirithe ag*** an ***gcomhpháirtíocht idir custaim agus tionscal, go háirithe ó tugadh isteach an tOibreoir Eacnamaíoch Údaraithe (AEO), go bhfuil cuideachtaí comhlíontach go ginearálta, cé is moite de líon beag eisceachtaí. I bhfianaise an mhéid sin, i gcásanna earráidí saothair, ba cheart díriú ar an bpróiseas gnó a fheabhsú go comhoibríoch, seachas dul i muinín bearta pionósacha láithreach. Ba cheart ceartúcháin ar shonraí míchearta i ndearbhuithe custaim a éascú ionas gur féidir iad a cheartú go héasca. Ba cheart pionóis agus tarraingt siar údaruithe a mheas mar bhearta atá ina rogha dheiridh mar fhreagairt ar sháruithe. Thairis sin, ba cheart tionchar na bpionós ar an gcuideachta a bheith comhréireach, ó thaobh an chiona a bhraitear agus a thionchar ar an gcuideachta. Ba cheart baint shonrach a bheith ag pionóis le dleachtanna agus cánacha a tarscaoileadh go hiarbhír, gan earraí sealadacha amhail CBL a áireamh. Ba cheart an*** tréimhse ***teorann*** chun imeachtaí um shárú custaim a thionscnamh a bhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ba |

| | |
|---|---|
| | cheart ***raon idir 5 bliana agus 10 mbliana*** a bheith ***inti. Tá sé sin ag teacht leis*** an teorainn ama ***maidir le*** fógra a thabhairt faoi fhiach custaim ***agus soláthraíonn sé riail choiteann***. An dlínse ina ndearnadh an sárú, is í sin an dlínse inniúil ba cheart a bheith ann. Tá comhar idir na Ballstáit ***fíor-riachtanach*** i gcásanna ***inar tharla*** an sárú custaim i níos mó ná Ballstát amháin***.*** ***I gcásanna den sórt*** sin, ba cheart don ***Bhallstát*** a thionscnaíonn na himeachtaí ***ar dtús comhoibriú*** leis na húdaráis chustaim eile ***lena mbaineann*** an sárú custaim céanna. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is gá freisin croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla a bhunú lena ndéanfar foráil maidir le híosmhéideanna muirear airgid agus an fhéidearthacht go ndéanfaí údaruithe custaim a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a leasú, lena n-áirítear i gcás Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, agus maidir le coigistiú na n-earraí. Ba cheart na híosmhéideanna muirear airgid a bheith ag brath ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an sárú custaim d'aon ghnó agus ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar aige ar an méid dleachtanna custaim agus muirear eile agus ar thoirmisc agus srianta. An croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla, ba cheart feidhm a bheith aige gan dochar do dhlíchóras náisiúnta na mBallstát, lenar féidir foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla ina ionad sin. | ***(64)*** Is gá freisin croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla a bhunú lena ndéanfar foráil maidir le híosmhéideanna muirear airgid agus an fhéidearthacht go ndéanfaí údaruithe custaim a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a leasú, lena n-áirítear i gcás Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, agus maidir le coigistiú na n-earraí. Ba cheart na híosmhéideanna muirear airgid a bheith ag brath ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an sárú custaim d'aon ghnó agus ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar aige ar an méid dleachtanna custaim agus muirear eile agus ar thoirmisc agus srianta. An croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla, ba cheart feidhm a bheith aige gan dochar do dhlíchóras náisiúnta na mBallstát, lenar féidir foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla ina ionad sin. ***Ós rud é go bhforáiltear oibleagáidí nua do na hallmhaireoirí measta sa Chód Custaim, ba cheart muirir airgid a chinneadh dá réir, ós rud é nach bhfuil*** |

| | |
|---|---|
| | ***siad carnach do dhaoine eile.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim ***ar bhonn bliantúil ar a laghad*** chun ***caoi a thabhairt don Choimisiún***, le ***cuidiú na mBallstát***, na beartais a ***threoshuíomh mar is iomchuí***. Ba cheart bailiú faisnéise ó údaráis chustaim a chur ar bhonn foirmiúil agus a dhoimhniú, toisc go gcuirfeadh tuilleadh tuairiscithe chuimsithigh feabhas ar an tagarmharcáil agus d'fhéadfadh sé cuidiú le cleachtais a dhéanamh aonchineálach agus le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn cinntí beartais custaim. Is iomchuí dá bhrí sin creat dlíthiúil a thabhairt isteach le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim. Chun go mbeidh an ghráinneacht anailíse leordhóthanach, ba cheart an tomhas feidhmíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann araon. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacú leis an gCoimisiún sa phróiseas meastóireachta trí na sonraí a bhailiú i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus anailís a dhéanamh orthu ann agus trína shainaithint conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim. Go sonrach, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí ionchasacha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí | ***(65)*** Ba cheart ***don Choimisiún*** meastóireacht a dhéanamh ***uair sa bhliain*** ar ***a laghad ar*** fheidhmíocht an aontais custaim chun ***go bhféadfaidh an Coimisiún***, le ***cabhair ó na Ballstáit***, na ***hathruithe*** beartais ***iomchuí*** a ***dhéanamh***. Ba cheart bailiú faisnéise ó údaráis chustaim a chur ar bhonn foirmiúil agus a dhoimhniú, toisc go gcuirfeadh tuilleadh tuairiscithe chuimsithigh feabhas ar an tagarmharcáil agus d'fhéadfadh sé cuidiú le cleachtais a dhéanamh aonchineálach agus le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn cinntí beartais custaim. Is iomchuí dá bhrí sin creat dlíthiúil a thabhairt isteach le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim. Chun go mbeidh an ghráinneacht anailíse leordhóthanach, ba cheart an tomhas feidhmíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann araon. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacú leis an gCoimisiún sa phróiseas meastóireachta trí na sonraí a bhailiú i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus anailís a dhéanamh orthu ann agus trína shainaithint conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim. Go sonrach, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí ionchasacha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí |

| | |
|---|---|
| agus slándála go háirithe, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith rannpháirteach freisin, ó thaobh na hoibríochta de, in anailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Europol agus Frontex. | agus slándála go háirithe, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith rannpháirteach freisin, ó thaobh na hoibríochta de, in anailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Europol agus Frontex. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| cineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin, na simplithe agus na n-éascuithe a sholáthraítear don Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe; | – ***na critéir maidir le stádas Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe a dheonú,*** cineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin, na simplithe agus na n-éascuithe a sholáthraítear don Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 – fleasc 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| cineál agus minicíocht ghníomhaíochtaí faireacháin an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála; | – ***stádas mar thrádálaí Iontaobhais agus Seiceála a dheonú,*** cineál agus minicíocht ghníomhaíochtaí faireacháin an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart gníomhartha cur | ***(69)*** Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart |

chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an méid seo a leanas a bhaint amach: rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le cinneadh, a bhaineann le faisnéis cheangailteach, a úsáid tar éis dó scor de bheith bailí nó tar éis a chúlghairme; rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim go gcuirtear déanamh cinntí den sórt sin ar fionraí agus maidir leis an bhfionraí sin a tharraingt siar; cinntí lena n-iarrtar ar Bhallstáit cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chúlghairm; na ***módúlachtaí a ghlacadh chun na critéir maidir le deonú stádais mar Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe agus mar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a chur i bhfeidhm; na*** córais leictreonacha, na hardáin nó na timpeallachtaí lena gcónasctar Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chinneadh; na rialacha maidir le rochtain ar sheirbhísí agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chinneadh, lena n-áirítear na rialacha sonracha agus na coinníollacha maidir le cosaint, sábháilteacht agus slándáil sonraí pearsanta agus maidir le cásanna ina bhfuil an rochtain sin teoranta; bearta maidir le bainistíocht lucht custaim ar fhaireachas; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le freagrachtaí na gcomhrialaitheoirí as an bpróiseáil sonraí a dhéantar trí bhíthin seirbhís nó córas de chuid Mhol Sonraí Custaim an Aontais; na rialacha nós imeachta a ghlacadh chun na hoifigí custaim inniúla a chinneadh seachas an oifig custaim atá freagrach as an áit a bhfuil an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir bunaithe; bearta a ghlacadh maidir le fíorú faisnéise, scrúdú agus sampláil ar earraí, torthaí an fhíorúcháin agus maidir le sainaithint; bearta a ghlacadh maidir le rialuithe iarscaoilte a chur i bhfeidhm i leith oibríochtaí a dhéantar i níos mó ná Ballstát amháin; an liosta de na calafoirt nó na haerfoirt a leagan síos ina bhfuil na rialuithe agus na foirmiúlachtaí custaim le déanamh ar bhagáiste cábáin agus ar bhagáiste boilg;

gníomhartha cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an méid seo a leanas a bhaint amach: rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le cinneadh, a bhaineann le faisnéis cheangailteach, a úsáid tar éis dó scor de bheith bailí nó tar éis a chúlghairme; rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim go gcuirtear déanamh cinntí den sórt sin ar fionraí agus maidir leis an bhfionraí sin a tharraingt siar; cinntí ***a ghlacadh*** lena n-iarrtar ar Bhallstáit cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chúlghairm; na córais leictreonacha, na hardáin nó na timpeallachtaí lena gcónasctar Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chinneadh; na rialacha maidir le rochtain ar sheirbhísí agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chinneadh, lena n-áirítear na rialacha sonracha agus na coinníollacha maidir le cosaint, sábháilteacht agus slándáil sonraí pearsanta agus maidir le cásanna ina bhfuil an rochtain sin teoranta; bearta maidir le bainistíocht lucht custaim ar fhaireachas; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le freagrachtaí na gcomhrialaitheoirí as an bpróiseáil sonraí a dhéantar trí bhíthin seirbhís nó córas de chuid Mhol Sonraí Custaim an Aontais; na rialacha nós imeachta a ghlacadh chun na hoifigí custaim inniúla a chinneadh seachas an oifig custaim atá freagrach as an áit a bhfuil an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir bunaithe; bearta a ghlacadh maidir le fíorú faisnéise, scrúdú agus sampláil ar earraí, torthaí an fhíorúcháin agus maidir le sainaithint; bearta a ghlacadh maidir le rialuithe iarscaoilte a chur i bhfeidhm i leith oibríochtaí a dhéantar i níos mó ná Ballstát amháin; an liosta de na calafoirt nó na haerfoirt a leagan síos ina bhfuil na rialuithe agus na foirmiúlachtaí custaim le déanamh ar bhagáiste cábáin agus ar bhagáiste boilg; bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim agus bainistíocht riosca i bhfeidhm go

bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim agus bainistíocht riosca i bhfeidhm go comhchuibhithe, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca agus réimsí rialaithe tosaíochta coiteanna, chomh maith le gníomhaíochtaí meastóireachta sna réimsí sin, a bhunú; na rialacha nós imeachta a shonrú chun cruthúnas stádais chustaim earraí de chuid an Aontais a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a leasú nó a chur ó bhail chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim a shonrú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hoifigí custaim inniúla a chinneadh agus maidir le taisceadh an dearbhaithe custaim i gcás ina mbaintear leas as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh agus an fáil atá ar na doiciméid tacaíochta; na rialacha nós imeachta maidir leis an dearbhú simplithe agus an dearbhú forlíontach a thaisceadh; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú custaim a thaisceadh sula dtíolacfar na hearraí do na custaim, sula nglacfar an dearbhú custaim agus sula ndéanfar leasú ar an dearbhú custaim tar éis na hearraí a scaoileadh; na rialacha nós imeachta maidir le himréiteach láraithe agus an tarscaoileadh ón oibleagáid maidir le hearraí atá le tíolacadh sa chomhthéacs sin a shonrú; na rialacha nós imeachta maidir le hiontráil i dtaifid an dearbhóra; na rialacha nós imeachta maidir le diúscairt earraí; na rialacha nós imeachta maidir le soláthar na faisnéise lena suitear gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí i ndáil le hearraí a thugtar ar ais agus maidir le fianaise a sholáthar gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí i ndáil le táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as an bhfarraige; na rialacha nós imeachta maidir le himeacht earraí a shonrú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir

comhchuibhithe, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca agus réimsí rialaithe tosaíochta coiteanna, chomh maith le gníomhaíochtaí meastóireachta sna réimsí sin, a bhunú; na rialacha nós imeachta a shonrú chun cruthúnas stádais chustaim earraí de chuid an Aontais a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a leasú nó a chur ó bhail chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim a shonrú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hoifigí custaim inniúla a chinneadh agus maidir le taisceadh an dearbhaithe custaim i gcás ina mbaintear leas as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh agus an fáil atá ar na doiciméid tacaíochta; na rialacha nós imeachta maidir leis an dearbhú simplithe agus an dearbhú forlíontach a thaisceadh; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú custaim a thaisceadh sula dtíolacfar na hearraí do na custaim, sula nglacfar an dearbhú custaim agus sula ndéanfar leasú ar an dearbhú custaim tar éis na hearraí a scaoileadh; na rialacha nós imeachta maidir le himréiteach láraithe agus an tarscaoileadh ón oibleagáid maidir le hearraí atá le tíolacadh sa chomhthéacs sin a shonrú; na rialacha nós imeachta maidir le hiontráil i dtaifid an dearbhóra; na rialacha nós imeachta maidir le diúscairt earraí; na rialacha nós imeachta maidir le soláthar na faisnéise lena suitear gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí i ndáil le hearraí a thugtar ar ais agus maidir le fianaise a sholáthar gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí i ndáil le táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as an bhfarraige; na rialacha nós imeachta maidir le himeacht earraí a shonrú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir leis an bhfaisnéis réamhimeachta a sholáthar, a leasú agus a chur ó bhail agus maidir leis an dearbhú imeachta achomhair

leis an bhfaisnéis réamhimeachta a sholáthar, a leasú agus a chur ó bhail agus maidir leis an dearbhú imeachta achomhair a thaisceadh, a leasú agus a chur ó bhail; rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le CBL a aisíoc le daoine nádúrtha nach bhfuil bunaithe san Aontas; sonrú na rialacha nós imeachta maidir le fógra a thabhairt i ndáil le teacht soitheach farraige agus aerárthaí agus maidir le hiompar na n-earraí go dtí a n-ionad cuí; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú stórála sealadaí agus aistriú na n-earraí atá i stóráil sealadach a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir leis an údarú le haghaidh nósanna imeachta speisialta a dheonú, scrúdú a dhéanamh ar choinníollacha eacnamaíocha agus tuairim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a eisiúint lena ndéantar measúnú ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann deonú údaraithe le haghaidh nós imeachta próiseála isteach nó amach dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hurscaoileadh nós imeachta; na rialacha nós imeachta maidir le cearta agus oibleagáidí a aistriú agus le gluaiseacht earraí i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí coibhéiseacha a úsáid i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na n-ionstraimí idirnáisiúnta idirthurais i gcríoch chustaim an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais san Aontas agus maidir le hurscaoileadh an nós imeachta sin, oibriú simplithe an nós imeachta sin agus maoirseacht custaim na n-earraí a thaistealaíonn trí chríoch tríú tír faoi nós imeachta idirthurais seachtrach an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta stórasaithe custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa agus maidir le gluaiseacht earraí a chuirtear i stóras custaim; bearta a ghlacadh maidir le

a thaisceadh, a leasú agus a chur ó bhail; rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le CBL a aisíoc le daoine nádúrtha nach bhfuil bunaithe san Aontas; sonrú na rialacha nós imeachta maidir le fógra a thabhairt i ndáil le teacht soitheach farraige agus aerárthaí agus maidir le hiompar na n-earraí go dtí a n-ionad cuí; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú stórála sealadaí agus aistriú na n-earraí atá i stóráil sealadach a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir leis an údarú le haghaidh nósanna imeachta speisialta a dheonú, scrúdú a dhéanamh ar choinníollacha eacnamaíocha agus tuairim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a eisiúint lena ndéantar measúnú ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann deonú údaraithe le haghaidh nós imeachta próiseála isteach nó amach dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hurscaoileadh nós imeachta; na rialacha nós imeachta maidir le cearta agus oibleagáidí a aistriú agus le gluaiseacht earraí i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí coibhéiseacha a úsáid i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na n-ionstraimí idirnáisiúnta idirthurais i gcríoch chustaim an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais san Aontas agus maidir le hurscaoileadh an nós imeachta sin, oibriú simplithe an nós imeachta sin agus maoirseacht custaim na n-earraí a thaistealaíonn trí chríoch tríú tír faoi nós imeachta idirthurais seachtrach an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta stórasaithe custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa agus maidir le gluaiseacht earraí a chuirtear i stóras custaim; bearta a ghlacadh maidir le bainistiú aonfhoirmeach an taraif-chuóta agus na n-uasteorainneacha taraife agus bainistiú an fhaireachais chustaim ar

| | |
|---|---|
| bainistiú aonfhoirmeach an taraif-chuóta agus na n-uasteorainneacha taraife agus bainistiú an fhaireachais chustaim ar scaoileadh earraí i gcomhair saorchúrsaíochta nó onnmhairithe; bearta a ghlacadh chun rangú taraife earraí a chinneadh; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir leis an gcruthúnas ar thionscnamh neamhfhabhrach a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh chun gur féidir tionscnamh fabhrach earraí san Aontas a shuíomh; bearta a ghlacadh chun tionscnamh earraí sonracha a chinneadh; maolú sealadach a dheonú ó na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha arna nglacadh go haontaobhach ag an Aontas; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le luach custaim na n-earraí a chinneadh; sonrú na nósanna imeachta maidir le ráthaíochtaí a sholáthar, an méid a chinneadh, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a scaoileadh, agus maidir le gealltanas arna thabhairt ag ráthóir a chúlghairm agus a chealú; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le toirmisc shealadacha ar úsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha; bearta a ghlacadh chun cúnamh frithpháirteach idir údaráis chustaim i gcás ina dtabhófar fiach custaim a áirithiú; sonrú na rialacha nós imeachta maidir le haisíocaíocht agus loghadh méid dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí, maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar don Choimisiún, agus maidir leis na cinntí atá le glacadh ag an gCoimisiún i dtaobh aisíocaíochta nó loghadh; bearta a ghlacadh chun géarchéim a shainaithint agus an sásra bainistithe géarchéime a ghníomhachtú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le húdarú a dheonú do Bhallstát, agus bainistíocht a dhéanamh ar an údarú sin, chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d’fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; cinntí a ghlacadh maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d’fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú | scaoileadh earraí i gcomhair saorchúrsaíochta nó onnmhairithe; bearta a ghlacadh chun rangú taraife earraí a chinneadh; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir leis an gcruthúnas ar thionscnamh neamhfhabhrach a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh chun gur féidir tionscnamh fabhrach earraí san Aontas a shuíomh; bearta a ghlacadh chun tionscnamh earraí sonracha a chinneadh; maolú sealadach a dheonú ó na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha arna nglacadh go haontaobhach ag an Aontas; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le luach custaim na n-earraí a chinneadh; sonrú na nósanna imeachta maidir le ráthaíochtaí a sholáthar, an méid a chinneadh, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a scaoileadh, agus maidir le gealltanas arna thabhairt ag ráthóir a chúlghairm agus a chealú; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le toirmisc shealadacha ar úsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha; bearta a ghlacadh chun cúnamh frithpháirteach idir údaráis chustaim i gcás ina dtabhófar fiach custaim a áirithiú; sonrú na rialacha nós imeachta maidir le haisíocaíocht agus loghadh méid dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí, maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar don Choimisiún, agus maidir leis na cinntí atá le glacadh ag an gCoimisiún i dtaobh aisíocaíochta nó loghadh; bearta a ghlacadh chun géarchéim a shainaithint agus an sásra bainistithe géarchéime a ghníomhachtú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le húdarú a dheonú do Bhallstát, agus bainistíocht a dhéanamh ar an údarú sin, chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d’fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; cinntí a ghlacadh maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d’fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; sonrú ar an gcaoi a gceaptar creat tomhais feidhmíochta an aontais custaim chomh |

| | |
|---|---|
| maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; sonrú ar an gcaoi a gceaptar creat tomhais feidhmíochta an aontais custaim chomh maith leis an bhfaisnéis ba cheart do na Ballstáit a sholáthar d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun an fheidhmíocht a thomhas; na rialacha maidir le comhshó airgeadra a leagan síos. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] . | maith leis an bhfaisnéis ba cheart do na Ballstáit a sholáthar d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun an fheidhmíocht a thomhas; na rialacha maidir le comhshó airgeadra a leagan síos. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58] . |
| [58] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO ***L 55, 28.2.2011, lch. 13).*** | [58] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO ***L 55, 28.2.2011, lch. 13).*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcásanna a mbeidh call cuí leo agus ina n-éileoidh mórchúiseanna práinne é, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme a ghlacadh gan mhoill i ndáil leis an méid seo a leanas: bearta chun a áirithiú go gcuirfear na rialuithe custaim chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, bearta rialaithe agus réimsí coitianta rialaithe tosaíochta; cinntí maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; bearta chun rangú earraí de réir taraife a chinneadh; bearta chun tionscnamh earraí sonracha a | ***(71)*** I gcásanna a mbeidh call cuí leo agus ina n-éileoidh mórchúiseanna práinne é, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme a ghlacadh gan mhoill i ndáil leis an méid seo a leanas: bearta chun a áirithiú go gcuirfear na rialuithe custaim chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, bearta rialaithe agus réimsí coitianta rialaithe tosaíochta; cinntí maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; bearta chun rangú earraí de réir taraife a chinneadh; bearta chun tionscnamh earraí sonracha a |

| | |
|---|---|
| chinneadh; bearta lena mbunaítear an modh iomchuí luachála custaim nó na critéir a bheidh le húsáid chun luach custaim earraí a chinneadh i gcásanna sonracha; bearta lena gcuirtear toirmeasc ar bhonn sealadach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí cuimsitheacha; géarchéim a shainaithint agus bearta iomchuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt uirthi nó chun a héifeachtaí diúltacha a mhaolú; cinntí chun a chumhachtú do Bhallstát dul i gcaibidlíocht chun comhaontú déthaobhach a dhéanamh le tríú tír maidir le malartú faisnéise. | chinneadh; bearta lena mbunaítear an modh iomchuí luachála custaim nó na critéir a bheidh le húsáid chun luach custaim earraí a chinneadh i gcásanna sonracha; bearta lena gcuirtear toirmeasc ar bhonn sealadach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí cuimsitheacha; géarchéim a shainaithint agus bearta iomchuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt uirthi nó chun a héifeachtaí diúltacha a mhaolú; cinntí chun a chumhachtú do Bhallstát dul i gcaibidlíocht chun comhaontú déthaobhach a dhéanamh le tríú tír maidir le malartú faisnéise. ***Ba cheart go gcumhdódh critéir um rioscaí coiteanna go háirithe comhéigean eacnamaíoch, moráltacht phoiblí, beartas poiblí nó slándáil phoiblí, sláinte agus beatha daoine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint, cosaint an chomhshaoil, seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus maoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna eile an phobail a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na forálacha lena dtagraítear d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, seachas Airteagal 238, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. Go dtí an dáta sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chúraimí a dhéanamh agus úsáid á baint as na córais leictreonacha atá ann cheana le haghaidh malartú faisnéise custaim, ar córais iad a d'fhorbair an Coimisiún. Na forálacha maidir leis an gcóireáil shimplithe taraife ***le haghaidh ciandíola*** agus maidir leis an | ***(73)*** Na forálacha lena dtagraítear d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, seachas Airteagal 238, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. Go dtí an dáta sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chúraimí a dhéanamh agus úsáid á baint as na córais leictreonacha atá ann cheana le haghaidh malartú faisnéise custaim, ar córais iad a d'fhorbair an Coimisiún. Na forálacha maidir leis an gcóireáil shimplithe taraife agus maidir leis an allmhaireoir measta, ba |

| | |
|---|---|
| allmhaireoir measta, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. | cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha dul i mbun cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid, ar bhonn deonach, ***in 2032***. Faoi dheireadh ***2037***, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lánfhorbartha agus úsáidfidh gach oibreoir eacnamaíoch an tráth sin é. Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus allmhaireoirí measta bunaithe maoirseacht orthu. De mhaolú air sin agus faoi réir athbhreithniú, leanfaidh oibreoirí nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála nach allmhaireoirí measta iad faoi mhaoirseacht údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil na hearraí lonnaithe go ***fisiciúil***. Faoin 31 Nollaig 2035 ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an dá shamhail mhaoirseachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-éifeachtacht chun calaois a bhrath agus a chosc. Ba cheart gnéithe cánachais indírigh a bhreithniú sa mheastóireacht freisin. Bunaithe ar an meastóireacht sin, ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal cinneadh a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe ar cheart leanúint den dá shamhail nó ar cheart don údarás custaim atá freagrach as áit bhunaithe an trádálaí, i ngach cás, na hearraí a scaoileadh. Ba cheart an áit a dtabhaítear fiach custaim a rialáil freisin i gcomhréir le cinneadh an údaráis custaim fhreagraigh; | ***(74)*** Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha dul i mbun cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid, ar bhonn deonach, ***in 2031***. Faoi dheireadh ***2035***, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lánfhorbartha agus úsáidfidh gach oibreoir eacnamaíoch an tráth sin é. Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus allmhaireoirí measta bunaithe maoirseacht orthu. De mhaolú air sin agus faoi réir athbhreithniú, leanfaidh oibreoirí nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála nach allmhaireoirí measta iad faoi mhaoirseacht údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil na hearraí lonnaithe go ***fisiceach***. Faoin 31 Nollaig 2035 ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an dá shamhail mhaoirseachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-éifeachtacht chun calaois a bhrath agus a chosc. Ba cheart gnéithe cánachais indírigh a bhreithniú sa mheastóireacht freisin. Bunaithe ar an meastóireacht sin, ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal cinneadh a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe ar cheart leanúint den dá shamhail nó ar cheart don údarás custaim atá freagrach as áit bhunaithe an trádálaí, i ngach cás, na hearraí a scaoileadh. Ba cheart an áit a dtabhaítear fiach custaim a rialáil freisin i gcomhréir le cinneadh an údaráis custaim fhreagraigh; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Ceapfar an reachtaíocht sin i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála um Éascú Trádála arb é is aidhm dó trádáil a éascú.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'fhonn cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialuithe custaim a bhaint amach, chun an t-aontas custaim a ***chur ag gníomhú mar údarás*** amháin agus chun rannchuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, beidh ***údaráis*** chustaim freagrach as leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, as sábháilteacht agus ***slándáil beartas*** eile ***de chuid*** an Aontais lena gcosnaítear saoránaigh agus cónaitheoirí, tomhaltóirí, an comhshaol agus na slabhraí soláthair foriomlána ***a áirithiú agus rannchuidiú leis na beartais sin***, as an ***tAontas*** a chosaint ar thrádáil ***aindleathach***, as gníomhaíocht ghnó dhlisteanach a éascú agus as maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta an Aontais chun rannchuidiú le trádáil ***chóir*** oscailte agus leis an gcomhbheartas tráchtála. | D'fhonn cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialuithe custaim a bhaint amach, chun an t-aontas custaim a ***dhéanamh mar aon ní*** amháin agus chun rannchuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ***agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais***, beidh ***na húdaráis*** chustaim freagrach as leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, as ***slándáil agus*** sábháilteacht ***a áirithiú*** agus ***as rannchuidiú le beartais*** eile an Aontais lena gcosnaítear saoránaigh agus cónaitheoirí, tomhaltóirí, an comhshaol***, cuideachtaí*** agus na slabhraí soláthair foriomlána, as an ***Aontas*** a chosaint ar ***chomhéigean eacnamaíoch, ar iomaíocht éagórach, agus ar*** thrádáil ***neamhdhleathach***, as gníomhaíocht ghnó dhlisteanach***, slándáil eacnamaíoch*** a éascú***,*** agus as maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta an Aontais chun rannchuidiú le trádáil ***chothrom, rialáilte agus*** oscailte agus leis an gcomhbheartas tráchtála. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach, neamhchomhlíontach agus neamhdhleathach, lena n-áirítear trí dhlúthfhaireachán ar oibreoirí eacnamaíocha agus ***slabhraí*** soláthair agus ***trí chroíthacar*** íosta sáruithe custaim ***agus pionós***; | ***(d)*** an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach, neamhchomhlíontach agus neamhdhleathach, lena n-áirítear ***trádáil ghóchumtha agus earraí nach bhfuil i gcomhréir le reachtaíocht eile arna cur i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim,*** trí dhlúthfhaireachán ***a dhéanamh*** ar oibreoirí eacnamaíocha agus ***ar shlabhraí*** soláthair agus ***ar chroílár*** íosta ***na*** sáruithe ***agus na bpionós*** custaim; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht*** dhlisteanach ghnó, trí chothromaíocht chuí idir rialuithe custaim agus éascú ***na*** trádála dlisteanaí ***a choinneáil ar bun*** agus trí phróisis agus nósanna imeachta custaim a shimpliú. | ***(e)*** ***tacú le gníomhaíocht*** dhlisteanach ghnó, trí chothromaíocht chuí ***a choinneáil*** idir rialuithe custaim agus éascú trádála dlisteanaí agus trí phróisis agus nósanna imeachta custaim a shimpliú***, lena n-áirítear trí anailís láidir riosca lena dtacaíonn Mol Sonraí Custaim an Aontais***. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| forálacha custaim atá i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, a mhéid atá siad infheidhme san Aontas; | ***(d)*** forálacha custaim atá i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, a mhéid atá siad infheidhme san Aontas***. Áirítear leis sin, inter alia, na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ábhartha ar páirtí iontu an tAontas agus na Ballstáit, a mhéid a rialaíonn siad comhréireacht*** |

***na n-earraí***;

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ciallaíonn 'reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm' reachtaíocht seachas reachtaíocht chustaim ***is infheidhme maidir leis na hearraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais, nó a imíonn uaithi nó a théann tríthi, nó maidir le hearraí atá le cur ar mhargadh an Aontais, a bhfuil baint ag na húdaráis chustaim lena gcur chun feidhme;*** | ***(3)*** ciallaíonn 'reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm' reachtaíocht seachas ***an*** reachtaíocht chustaim***:*** |
| | ***a) is infheidhme maidir leis na hearraí a thugtar isteach ar chríoch chustaim an Aontais nó a thugtar amach aisti nó a théann tríthi, nó maidir le hearraí atá le cur ar mhargadh an Aontais, a bhfuil baint ag na húdaráis chustaim lena cur chun feidhme;*** |
| | ***b) a bhfuil call léi ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí, le sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint, leis an gcomhshaol a chosaint, le seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus le réadmhaoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna poiblí eile a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ciallaíonn ‘allmhaireoir measta’ aon duine a bhfuil baint aige le ciandíol earraí le hallmhairiú ó thríú tíortha isteach i gcríoch chustaim an Aontais atá údaraithe úsáid a bhaint as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE; | ***(13)*** ciallaíonn ‘allmhaireoir measta’ aon duine a bhfuil baint aige le ciandíol earraí le hallmhairiú ó thríú tíortha isteach i gcríoch chustaim an Aontais***, lena n-áirítear daoine*** atá údaraithe úsáid a bhaint as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 18 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| bheadh bagairt ann do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid saoránach agus cónaitheoirí; nó | ***(b)*** bheadh bagairt ann do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid saoránach agus cónaitheoirí***, lena n-áirítear a sláinte***; nó |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 18 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| chuirfeadh sé cosc ar chur ***i bhfeidhm ceart*** beart de chuid an Aontais nó beart náisiúnta; | ***(c)*** chuirfeadh sé cosc ar chur ***chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú iomlán*** beart de chuid an Aontais nó beart náisiúnta; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ciallaíonn ‘bainistíocht riosca’ riosca a shainaithint go córasach, lena n-áirítear | ***(20)*** ciallaíonn ‘bainistíocht riosca’ riosca a shainaithint go córasach, lena n- |

| | |
|---|---|
| próifílí oibreoirí eacnamaíocha rioscúla a shainaithint, agus cur ***i bhfeidhm*** na mbeart uile is gá chun neamhchosaint ar riosca a ***laghdú***; | áirítear próifílí oibreoirí eacnamaíocha rioscúla ***agus idirbhearta rioscúla*** a shainaithint, agus cur ***chun feidhme*** na mbeart uile is gá chun neamhchosaint ar riosca a ***theorannú***; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ciallaíonn 'fiach custaim' an oibleagáid atá ar dhuine ***an dleacht*** ar allmhairí nó ar onnmhairí a ***bhaineann*** le hearraí sonracha a íoc faoin reachtaíocht chustaim atá i bhfeidhm; | ***(57)*** ciallaíonn 'fiach custaim' an oibleagáid atá ar dhuine ***méid na dleachta*** ar allmhairí nó ar onnmhairí ***agus aon mhuirir eile*** a ***bhfuil feidhm acu maidir*** le hearraí sonracha a íoc faoin reachtaíocht chustaim atá i bhfeidhm; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59 a) ciallaíonn 'muirir eile' aon táillí a thagann anuas ar dhleachtanna custaim, CBL, táillí foirmiúlachtaí custaim agus táillí cúiréirí;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas nó ***cás*** a chuireann sábháilteacht, slándáil, sláinte agus ***beatha*** saoránach, oibreoirí eacnamaíocha agus pearsanra ***údarás*** custaim i mbaol ***go tobann*** agus a ***bhfuil*** bearta práinneacha ***ag teastáil lena*** | ***(64)*** ciallaíonn 'géarchéim' teagmhas nó ***staid*** a ***tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas a*** chuireann sábháilteacht, slándáil, sláinte agus ***saol na*** saoránach, oibreoirí eacnamaíocha agus pearsanra ***na n-údarás*** custaim i mbaol ***chomh maith le*** |

| | |
|---|---|
| ***aghaidh*** maidir le ***dul*** isteach, imeacht nó idirthuras earraí. | ***príomhchuspóirí reachtaíochta eile amhail cosaint an chomhshaoil*** agus ***an aeráid nó sáruithe ar chearta an duine*** a ***sheachaint, agus a éilíonn*** bearta práinneacha maidir le ***teacht*** isteach, imeacht ***amach*** nó idirthuras earraí. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64 b) ciallaíonn "loingsiú atá i mbaol — le measúnú roimh scaoileadh sa mhargadh inmheánach" loingsiú atá le leithscaradh agus le scrúdú ag na húdaráis náisiúnta chustaim ar shroicheadh ceann scríbe dó;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe 64 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64 c) "loingsiú neamhchomhlíontach" loingsiú nach gcomhlíonann rialacha an Aontais, atá le diúltú lena bhailiú ag an tionscnamh agus/nó le diúltú lena scaoileadh sa mhargadh inmheánach.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina n-éilíonn na húdaráis chustaim faisnéis bhreise ó údaráis inniúla náisiúnta nó idirnáisiúnta ábhartha eile chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas, cuirfidh siad a gcinneadh in iúl*** |

***don iarratasóir agus tabharfaidh siad faisnéis cothrom le dáta dóibh laistigh de 15 lá féilire.***

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás nach mbeidh an cinneadh ***FCT comhoiriúnach*** a thuilleadh leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh ***a bhunaítear*** san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nó ***le*** tuairimí comhairleacha, ***faisnéis, comhairle*** agus gníomhartha comhchosúla ***a bhaineann*** le tionscnamh earraí a chinneadh chun aonfhoirmeacht ***chur chun feidhme*** agus ***chur*** i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin ***a áirithiú***, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | (b) i gcás nach mbeidh an cinneadh ***BOI ag luí, nó ag luí*** a thuilleadh leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh ***arna bhunú*** san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nó ***leis na*** tuairimí comhairleacha, ***leis an bhfaisnéis, leis an gcomhairle*** agus ***le*** gníomhartha comhchosúla***, maidir*** le tionscnamh earraí a chinneadh chun aonfhoirmeacht ***a áirithiú maidir le léirmhíniú*** agus ***cur*** i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Deonóidh na húdaráis chustaim tairbhí a bheidh mar thoradh ar stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe ar dhaoine atá bunaithe i dtríú tíortha, a chomhlíonann na hoibleagáidí a shainmhínítear le reachtaíocht ábhartha na dtíortha nó na gcríoch sin agus a chloíonn leis na hoibleagáidí sin, a mhéid agus a thugann an tAontas aitheantas do na coinníollacha agus do na hoibleagáidí sin mar a bheith coibhéiseach leis na cinn a fhorchuirtear ar na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar deonú tairbhí ***mar*** sin ar phrionsabal na cómhalartachta mura | ***7.*** Deonóidh na húdaráis chustaim tairbhí a bheidh mar thoradh ar stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe ar dhaoine atá bunaithe i dtríú tíortha, a chomhlíonann na hoibleagáidí a shainmhínítear le reachtaíocht ábhartha na dtíortha nó na gcríoch sin agus a chloíonn leis na hoibleagáidí sin, a mhéid agus a thugann an tAontas aitheantas do na coinníollacha agus do na hoibleagáidí sin mar a bheith coibhéiseach leis na cinn a fhorchuirtear ar na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar deonú tairbhí ***den sórt*** sin ar phrionsabal na cómhalartachta mura |

| | |
|---|---|
| gcinnfidh an tAontas a mhalairt, agus ***tacóidh comhaontú*** idirnáisiúnta an Aontais, nó reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála ***leis an deonú sin***. | gcinnfidh an tAontas a mhalairt, agus ***tacófar leis trí chomhaontú*** idirnáisiúnta ***de chuid*** an Aontais, nó ***trí chomhpháirtíochtaí a mhéad is ábhartha agus is ceangailteach nó trí*** reachtaíocht ***de chuid*** an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála. ***Comhlíonfaidh oibreoirí tríú tír na critéir in Airteagal 24 (a) go (c) agus (e) agus, i gcás inarb iomchuí, (ea).*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Nuair is gá, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh d'fhonn tacú le FBManna agus le MFBManna agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin uathúla atá os comhair FBManna agus MFBManna agus, ag an am céanna, sláine agus slándáil na bpróiseas trádála seachtraí a choinneáil i bhfeidhm maidir le stádas Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála. Déanfar iarrachtaí leanúnacha na nósanna imeachta a shimpliú agus a dhéanamh níos inrochtana do FBManna agus do MFBManna, lena n-áiritheofar go n-éascófar agus go gcuirfear chun cinn an ról ríthábhachtach atá acu i dtrádáil sheachtrach an Aontais.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| maidir leis an údarú dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe (b), caighdeáin | ***(e)*** maidir leis an údarú dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe (b), caighdeáin |

| | |
|---|---|
| iomchuí slándála*,* sábháilteachta ***agus comhlíontachta***, arna gcur in oiriúint don ghníomhaíocht a dhéantar. Caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta, a mheasfar a bheith comhlíonta i gcás ina dtaispeánfaidh an t-iarratasóir go gcoinníonn sé/sí bearta iomchuí ar bun chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí amhail sláine fhisiciúil agus rialuithe rochtana, próisis lóistíochtúla agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra, agus sainaithint a c(h)omhpháirtithe gnó. | iomchuí slándála ***agus*** sábháilteachta, arna gcur in oiriúint don ghníomhaíocht a dhéantar. Caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta, a mheasfar a bheith comhlíonta i gcás ina dtaispeánfaidh an t-iarratasóir go gcoinníonn sé/sí bearta iomchuí ar bun chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí amhail sláine fhisiciúil agus rialuithe rochtana, próisis lóistíochtúla agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra, agus sainaithint a c(h)omhpháirtithe gnó. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha eile ag an iarratasóir.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfaidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe*** maidir le ***feidhmiú*** na gcritéar dá dtagraítear i ***mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** | ***2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na modúlachtaí*** maidir le ***cur i bhfeidhm*** na gcritéar dá dtagraítear i ***mír 1 a leagan síos.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Allmhaireoir nó onnmhaireoir atá ina chónaí nó*** cláraithe i gcríoch chustaim an Aontais, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i ***mír 3*** agus a rinne oibríochtaí ***tráthrialta*** custaim ***le linn*** ghnó an duine sin ar feadh ***3 bliana*** ar a laghad, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas ***an*** trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála chuig údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil an duine sin bunaithe. | ***1. Oibreoir eacnamaíoch a bhfuil cónaí air nó atá*** cláraithe i gcríoch chustaim an Aontais, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i ***mír 3*** agus a rinne oibríochtaí custaim ***rialta i gcúrsa*** ghnó an duine sin ar feadh ***3 bliana*** ar a laghad, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála chuig údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil an duine sin bunaithe. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Deonóidh*** na húdaráis chustaim stádas ***an trádálaí*** Iontaoibhe agus Seiceála do dhuine ***a*** chomhlíonann na critéir uile seo a leanas: | ***3. Tabharfaidh*** na húdaráis chustaim ***an*** stádas ***mar thrádálaí*** Iontaoibhe agus Seiceála ***d'allmhaireoir nó d'onnmhaireoir a bhfuil stádas AEO faighte aige cheana nó*** do dhuine ***eile má*** chomhlíonann ***siad*** na critéir uile seo a leanas: |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| caighdeáin iomchuí slándála, sábháilteachta agus comhlíontachta, arna gcur in oiriúint do chineál agus do mhéid na gníomhaíochta a dhéantar. Caighdeáin ***iomchuí slándála agus sábháilteachta,*** a ***mheasfar a*** bheith comhlíonta i gcás ina ***dtaispeánfaidh*** an t-iarratasóir go ***gcoinníonn sé/sí*** bearta iomchuí ***ar bun*** chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n- | ***(e)*** caighdeáin iomchuí slándála, sábháilteachta agus comhlíontachta, arna gcur in oiriúint do chineál agus do mhéid na gníomhaíochta a dhéantar. ***Ceanglófar ar an iarratasóir páirt a ghlacadh in oiliúint arna soláthar ag na húdaráis inniúla a bhaineann leis an gcineál gníomhaíochta Measfar na*** caighdeáin a bheith comhlíonta i gcás ina ***léireoidh*** an t-iarratasóir go ***bhfuil*** bearta iomchuí ***á*** |

| | |
|---|---|
| áirítear i réimsí amhail sláine ***fhisiceach*** agus rialuithe rochtana, próisis ***lóistíochtúla*** agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra***,*** agus sainaithint a ***c(h)omhpháirtithe*** gnó; | ***gcothabháil aige nó aici*** chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí amhail sláine ***fhisiciúil, caighdeáin sláinte*** agus ***comhshaoil, comhlíonadh reachtaíochta ábhartha eile agus*** rialuithe rochtana, próisis ***lóistíochta*** agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra agus sainaithint a ***gcomhpháirtithe*** gnó; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na húdaráis chustaim, gach ***3 bliana*** ar a laghad, faireachán domhain ar ghníomhaíochtaí agus ar thaifid inmheánacha an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála. Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála na húdaráis chustaim ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí. Déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála má tá tionchar suntasach ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an athmheasúnú. | Déanfaidh na húdaráis chustaim, gach ***2 bliana*** ar a laghad, faireachán domhain ar ghníomhaíochtaí agus ar thaifid inmheánacha an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála. Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála na húdaráis chustaim ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí. Déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála má tá tionchar suntasach ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an athmheasúnú. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála | I gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála |

| | |
|---|---|
| rannpháirteach i ngníomhaíocht chalaoiseach i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch nó ghnó, cuirfear a stádas ar fionraí. | rannpháirteach i ngníomhaíocht chalaoiseach i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch nó ghnó, ***nó go scaoileann sé earraí nach gcomhlíonann an reachtaíocht ábhartha agus reachtaíocht ábhartha eile an Aontais sa chríoch chustaim,*** cuirfear a stádas ar fionraí. ***Tabharfar fógra faoin bhfionraí sin i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Bainfidh trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála tairbhe as níos mó éascuithe ná mar a bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha eile i ndáil leis na rialuithe custaim de réir an údaraithe a dheonaítear, lena n-áirítear níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid. Cuirfear stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála san áireamh go fabhrach chun críocha bainistíochta riosca custaim. | 8. Bainfidh trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála tairbhe as níos mó éascuithe ná mar a bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha eile i ndáil leis na rialuithe custaim de réir an údaraithe a dheonaítear, lena n-áirítear níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid. Cuirfear stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála san áireamh go fabhrach chun críocha bainistíochta riosca custaim. ***Áiritheoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhoibriú agus comhordú éifeachtach idir údaráis inniúla na mBallstát. Áiritheoidh sé freisin go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach na buntáistí custaim a bhaineann le stádas an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe agus an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála ar fud an aontais custaim.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 11 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfaidh*** an ***Coimisiún an*** méid seo a leanas ***trí bhíthin gníomhartha cur chun*** | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261 lena*** |

| | |
|---|---|
| ***feidhme***: | ***bhforlíonfar*** an ***Rialachán seo tríd an*** méid seo a leanas ***a leagan síos***: |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 11 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***ceadófar*** cur chun feidhme leictreonach na reachtaíochta custaim; | ***(a)*** cur chun feidhme leictreonach na reachtaíochta custaim ***a éascú***; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) an chomhlíontacht a áirithiú i dtaca le forálacha Rialachán (AE) XXXX/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís sonraí a chumasú, lena n-áirítear trí ***chórais*** intleachta saorga ***a úsáid*** i gcomhréir ***leis an n[Gníomh*** um an Intleacht Shaorga 2021/0106 (COD)][65] ; | ***(d)*** anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís sonraí a chumasú ***agus a áirithiú***, lena n-áirítear trí ***úsáid a bhaint as córais*** intleachta saorga i gcomhréir ***le [Gníomh*** um an Intleacht Shaorga 2021/0106 (COD)][65] ***a mhéid is féidir leis an intleacht shaorga feidhmiúlachtaí áirithe a éascú agus caighdeáin eiticiúla á gcaomhnú ag an am céanna i gcomhréir iomlán le acquis an Aontais***; |
| [65] Rialachán (AE) …./**..** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L…,../../…., lch..). [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM(2021) 206 final, 2021/0106(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.] | [65] Rialachán (AE) …./ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L…,../../…., lch..). [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM(2021) 206 final, 2021/0106(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.] |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) tacú le comhlíonadh cheanglais reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, trí rochtain ar fhaisnéis ábhartha a bhaineann le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta sin a éascú;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| na socruithe teicniúla maidir ***leis na córais leictreonacha*** atá forbartha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún de bhun ***Airteagal 16***(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ***a choinneáil ar bun*** agus ***a úsáid***; | ***(a)*** na socruithe teicniúla maidir ***le cothabháil agus úsáid na gcóras leictreonach*** atá forbartha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún de bhun ***Airteagal 16***(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus ***de bhun Rialachán (AE) 2022/2399 i ndáil le Rialachán (AE) [lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais] agus le Treoir (AE) 2022/2555, lena n-áirítear treoirlínte arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)***; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na Ballstáit na feidhmchláir is gá a fhorbairt chun nascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun sonraí a sholáthar do Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil. | ***1.*** ***Déanfaidh*** na Ballstáit na feidhmchláir is gá a fhorbairt chun nascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun sonraí a sholáthar do Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar leis na hiarratais dá dtagraítear i mír 1 forálacha Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir*** |

***le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) go háirithe maidir le bearta bainistithe riosca cibearshlándála. Cumhdóidh na Ballstáit an bonneagar custaim ina straitéis náisiúnta chibearshlándála.***

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit ***a*** iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais ***Eorpaigh*** na hiarratais dá dtagraítear i ***mír 1 a fhorbairt***. Sa chás sin, maoineoidh na Ballstáit sin an fhorbairt. | ***2.*** Féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais na hiarratais ***is gá a fhorbairt chun an ceanglas*** dá dtagraítear i ***mír 1 a chomhlíonadh***. Sa chás sin, maoineoidh na Ballstáit sin an fhorbairt. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1 Beidh próiseáil sonraí pearsanta agus sonraí eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh sé d'aidhm aici sonraí íogaire oibreoirí eacnamaíocha a chosaint, trí fhorálacha an Airteagail seo.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| comhlíontacht an duine sin le reachtaíocht chustaim agus le reachtaíocht eile a léiriú a chuireann údaráis chustaim i bhfeidhm. | ***(b)*** comhlíontacht an duine sin le reachtaíocht chustaim agus le reachtaíocht eile a léiriú a chuireann údaráis chustaim i bhfeidhm ***agus a bhfuil céannacht mhonaróir na n-earraí riachtanach chun na críche sin***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** údarás custaim sonraí ***a phróiseáil***, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas: | ***Próiseálfaidh*** údarás custaim sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, ***amhail céannacht mhonaróir táirge, sonraí*** a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas: |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas: | ***3.*** Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de ***amhail céannacht monaróra táirge***, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais**,** go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas: |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) rannchuidiú le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú faoi reachtaíocht ábhartha eile, féadfaidh siad rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de amhail céannacht monaróra táirge, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais go heisiach agus a mhéid is gá chun a áirithiú nach dtagann táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun mhír 14 den Airteagal seo, rialacha agus módúlachtaí a leagan síos maidir le sonraí den sórt sin a rochtain nó a stóráil.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3, pointe*** (3), de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67]***, féadfaidh siad*** rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó | ***8. Féadfaidh*** na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3, pointe*** (3), de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67] rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na |

thaobh na tráchtála de, a ***stóráiltear nó chuirtear*** ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear bia, beatha agus plandaí a chur ar an margadh nó sábháilteacht bia, beatha agus plandaí agus ***maidir*** le ***comhar le*** húdaráis chustaim chun ***íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí go dtiocfadh táirgí*** neamhchomhlíontacha isteach san Aontas agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun ***mhír 14*** den Airteagal seo.

[67] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

tráchtála de, ***sonraí*** a ***stóráil nó atá*** ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais ***go heisiach agus*** a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear bia, beatha agus plandaí a chur ar an margadh nó sábháilteacht bia, beatha agus plandaí ***a fhorfheidhmiú*** agus ***chun comhoibriú*** le húdaráis chustaim chun ***a áirithiú nach dtiocfaidh earraí*** neamhchomhlíontacha isteach san Aontas***,*** agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun ***mhír 14*** den Airteagal seo.

[67] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11 a. Cuirfidh Grúpaí Comhairleacha Baile, faoi Chomhaontuithe Saorthrádála, nó páirtithe leasmhara ábhartha eile faisnéis ar fáil do Mhol Sonraí Custaim an Aontais atá ábhartha maidir le hinfheidhmeacht nó inchéimniú bearta trádála aontaobhacha. Déanfar an fhaisnéis sin a fhíorú agus a chur isteach roimh chruinniú bliantúil an Bhoird Chomhairligh Custaim. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na rialacha chun na geallsealbhóirí ábhartha a chinneadh, chun an fhaisnéis a tharchur chuig Mol Sonraí Custaim an Aontais agus chun í a fhíorú roimh ré. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11 b. Gan dochar d'Airteagal 32 agus d'Airteagal 38, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn i mBallstát nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát rochtain a iarraidh ar shonraí neamhphearsanta nó sonraí nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de, sonraí atá stóráilte nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais faoi na coinníollacha a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid*** |

| | |
|---|---|
| | ***de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11 c. Ní fhéadfar sonraí ábhartha a chur ar fáil d'údaráis chustaim agus d'údaráis faireachais margaidh tríú tíortha chun comhar a cheadú idir an tAontas agus údaráis chustaim tríú tíortha ach amháin a mhéid is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann allmhairí dlí an Aontais.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 14 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha agus módúlachtaí a leagan síos maidir le rochtain a fháil ar shonraí nó iad a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais ag na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 6 go 11. Agus na rialacha agus na módúlachtaí sin á gcinneadh aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas maidir le gach údarás nó catagóir údarás: | Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha agus módúlachtaí a leagan síos maidir le rochtain a fháil ar shonraí nó iad a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais ag na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 6 go 11***, chomh maith le rialacha rúndachta agus cuntasachta do gach duine a bhfuil rochtain aige ar na sonraí***. ***Áiritheofar leis na rialacha go mbeidh an fhaisnéis atá le soláthar i Mol Sonraí Custaim an Aontais ceart*** agus ***iontaofa.*** ***Agus*** na rialacha agus na módúlachtaí sin á gcinneadh aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas maidir le gach údarás nó catagóir údarás: |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 14 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| an ***gá atá ann a bhreithniú go n-ainmneodh an t-údarás*** lena mbaineann pointe teagmhála, duine nó daoine ***sonrach(a)*** nó coimircí breise a sholáthar; | ***(d)*** ***iarraidh ar*** an ***údarás*** lena mbaineann pointe teagmhála, duine nó daoine ***sonracha a ainmniú*** nó coimircí breise a sholáthar; |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ábhair sonraí a bhfuil baint acu ó am go ham le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm; | ***(b)*** ábhair sonraí ***ar oibreoirí eacnamaíocha iad agus*** a bhfuil baint acu ó am go ham le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ábhair sonraí a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sna doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 40, nó in aon fhianaise bhreise a éilítear chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an reachtaíocht chustaim agus leis an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a chomhlíonadh; | ***(c)*** ábhair sonraí ***ar oibreoirí eacnamaíocha iad agus*** a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta ***ar áireamh*** sna doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 40, nó in aon fhianaise bhreise a éilítear chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an reachtaíocht chustaim agus leis an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a chomhlíonadh; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ábhair sonraí a bhfuil a sonraí pearsanta sna sonraí arna mbailiú chun críocha bainistíochta riosca de bhun Airteagal 50(3), pointe (a); | *(d)* ábhair sonraí ***ar oibreoirí eacnamaíocha iad agus*** a bhfuil a sonraí pearsanta ***ar áireamh*** sna sonraí arna mbailiú chun críocha bainistíochta riosca de bhun Airteagal 50(3), pointe (a); |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim nó comhlachtaí de chuid an Aontais modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, nó a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfar an comhar sin a dhéanamh trí bhíthin idir-inoibritheacht na modhanna leictreonacha sin le Mol Sonraí Custaim an Aontais. | *3.* I gcás ina n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim nó comhlachtaí de chuid an Aontais modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, nó a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfar an comhar sin a dhéanamh trí bhíthin idir-inoibritheacht na modhanna leictreonacha sin le Mol Sonraí Custaim an Aontais. ***Ní fhéadfar idir-inoibritheacht den sórt sin a cheadú freisin d'údaráis ábhartha tríú tíortha, ar mhaithe le comhar le húdaráis an Aontais, ach amháin a mhéid is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann allmhairí dlí an Aontais.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim modhanna leictreonacha | *4.* I gcás nach n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim modhanna |

| | |
|---|---|
| arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfaidh na húdaráis sin seirbhísí sonracha agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31. | leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfaidh na húdaráis sin seirbhísí sonracha agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31. ***Ní fhéadfar seirbhísí agus córais den sórt sin a cheadú freisin d'údaráis ábhartha tríú tíortha, d'fhonn comhar a dhéanamh le húdaráis an Aontais, ach amháin a mhéid is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann allmhairí dlí an Aontais.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Le comhéadan digiteach atá cuimsitheach agus soláimhsithe, soláthrófar rochtain freisin ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le bearta uathrialacha, lena n-áirítear taraifí, cuótaí, smachtbhannaí agus trádbhaic d'fhonn feabhas a chur ar chomhlíonadh na mbeart sin ag cuideachtaí. Cuirfidh sé sin chun cinn freisin comhchuibheas níos fearr idir bearta uathrialacha éagsúla.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| sonraí ábhartha atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear sonraí ábhartha ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil, a mhalartú agus a anailísiú; | ***(a) a mhéid is gá*** sonraí ábhartha atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear sonraí ábhartha ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil, a mhalartú agus a anailísiú; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú maidir le haon chineál riosca, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le leasanna airgeadais ach gan ***a*** bheith teoranta dóibh. | *1.* ***Déanfaidh*** an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú maidir le haon chineál riosca, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le leasanna airgeadais ach gan bheith teoranta dóibh. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do ***mhír 6, pointe*** (f) den Airteagal seo agus d'***Airteagal 43, féadfaidh*** an Coimisiún réimsí sonracha ***a shainaithint*** i réimse na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm***, ar réimsí iad ar fiú cóireáil tosaíochta*** a thabhairt dóibh le ***haghaidh bainistíocht*** riosca agus rialuithe custaim. | *2.* Gan dochar do ***mhír 6, pointe*** (f)***,*** den Airteagal seo agus d'***Airteagal 43, sainaithneoidh*** an Coimisiún réimsí sonracha i réimse na reachtaíochta ***ábhartha*** eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ***agus ar gá tús áite*** a thabhairt dóibh ***maidir*** le ***bainistiú*** riosca ***custaim*** agus rialuithe custaim***, lena n-áirítear rialuithe éigeantacha custaim***. ***Beidh an aithint sin bunaithe ar an tsainaithint nó ar na hidirbhearta ardriosca dá bhforáiltear i gcreat na reachtaíochta ábhartha eile, nó ar aon fhoinsí ábhartha eile.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Chun críche mhír 1 agus mhír 2, tá an Bord Comhairleach Custaim i*** |

| | |
|---|---|
| | ***dteideal:*** |
| | ***(a) an Coimisiún a chur ar an eolas faoi ábhair imní chuí-réasúnaithe a d'fhéadfadh bunú limistéar rialaithe tosaíochta sealadach agus tírshonrach a threorú chun críocha mhír 1 agus mhír 2;*** |
| | ***(b) rannchuidiú le sainaithint na réimsí sonracha i réimse na reachtaíochta eile chun críche mhír 1 agus mhír 2.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** an Coimisiún an méid seo a leanas ***a dhéanamh***: | ***3. Déanfaidh*** an Coimisiún***, de réir mar is gá,*** an méid seo a leanas: |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun na gcríoch dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, féadfaidh an Coimisiún sonraí atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú. | *4.* Chun na gcríoch dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, féadfaidh an Coimisiún sonraí atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú***, lena n-áirítear, sonraí ó thríú tíortha, ó na rúnaíochtaí faoi na Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil ábhartha agus ón mBord Comhairleach Custaim***. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar gach faisnéis riosca, gach comhartha, gach toradh anailíse riosca, gach moladh maidir le rialú, gach cinneadh maidir le rialú agus gach toradh rialaithe a thaifeadadh sa phróiseas oibríochtúil lena mbaineann siad agus i Mol Sonraí Custaim an Aontais, gan beann ar cibé an raibh siad bunaithe ar anailís riosca náisiúnta nó anailís choiteann riosca nó nach raibh, nó cibé an raibh siad bunaithe ar roghnú randamach. Roinnfidh na húdaráis chustaim faisnéis faoi riosca lena chéile, le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún. | *1.* Déanfar gach faisnéis riosca, gach comhartha, gach toradh anailíse riosca, gach moladh maidir le rialú, gach cinneadh maidir le rialú agus gach toradh rialaithe a thaifeadadh sa phróiseas oibríochtúil lena mbaineann siad agus i Mol Sonraí Custaim an Aontais, gan beann ar cibé an raibh siad bunaithe ar anailís riosca náisiúnta nó anailís choiteann riosca nó nach raibh, nó cibé an raibh siad bunaithe ar roghnú randamach. Roinnfidh na húdaráis chustaim faisnéis faoi riosca lena chéile, le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún***, agus, i gcás inarb iomchuí, leis na rúnaíochtaí faoi Chomhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil ar choinníoll go ndéantar sonraí pearsanta a chosaint***. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim, meastóireacht ar chur chun feidhme na bainistíochta riosca chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht oibríochtúil agus straitéiseach uair amháin gach ***2 bhliain*** ar a laghad; ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí meastóireachta a shocrú a bheidh le déanamh i gcás ina measfaidh sé go bhfuil gá leis sin, agus ar bhonn leanúnach. | *1.* Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim, meastóireacht ar chur chun feidhme na bainistíochta riosca chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht oibríochtúil agus straitéiseach uair amháin gach ***dhá bhliain*** ar a laghad; ***Cuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht sin ar fáil do Bhord Feidhmiúcháin Údarás Custaim an Aontais.*** Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí meastóireachta a shocrú a bheidh le déanamh i gcás ina measfaidh sé go bhfuil gá leis sin, agus ar bhonn leanúnach. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 60 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na húdaráis chustaim atá freagrach as na hearraí a chur i nós imeachta custaim i gcomhréir le ***hAirteagal 42***(3), ***déanfaidh*** siad ***cinneadh*** maidir le scaoileadh na n-earraí ***agus toradh*** na hanailíse riosca ar na sonraí a ***sholáthair*** an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir agus, i gcás inarb infheidhme, ***torthaí*** aon rialaithe ***á gcur san áireamh***. | ***1.*** Na húdaráis chustaim atá freagrach as na hearraí a chur i nós imeachta custaim i gcomhréir le ***hAirteagal 42***(3), ***cinnfidh*** siad maidir le scaoileadh na n-earraí ***bunaithe ar thoradh*** na hanailíse riosca ar na sonraí a ***chuirfidh*** an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir ***ar fáil*** agus, i gcás inarb infheidhme, ***ar thorthaí*** aon rialaithe ***agus bunaithe ar mheasúnuithe riosca dá bhforáiltear in Airteagal 51***. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 75 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach féidir, ar ***aon*** chúis, earraí stóráil go sealadach, glacfaidh na húdaráis ***chustaim*** gan mhoill na bearta uile is gá ***chun na hearraí a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 76, 77 agus 78.*** | I gcás nach féidir, ar chúis ***ar bith***, earraí ***a choinneáil á*** stóráil go sealadach, glacfaidh na húdaráis ***custaim*** gan mhoill na bearta uile is gá***, más rud é:*** |
| | ***(i) go bhfuil na táirgí meatach, na táirgí lena mbaineann a dheonú d'eagraíochtaí carthanúla nó d'eagraíochtaí a théann chun tairbhe do leas an phobail,*** |
| | ***(ii) nach bhfuil na táirgí meatach, na táirgí lena mbaineann a athchúrsáil.*** |
| | ***I gcás nach féidir pointe (i) agus pointe (ii) a dhéanamh, déanfaidh na húdaráis chustaim na táirgí faoi seach a dhiúscairt de réir an dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 76 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag na húdaráis chustaim chuige, féadfaidh siad a éileamh go ***scriosfar*** earraí a ***cuireadh os a gcomhair*** agus cuirfidh siad an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir agus sealbhóir na n-earraí ar an eolas dá réir. Is é an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir a íocfaidh costais an scriosta. | ***1.*** I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag na húdaráis chustaim chuige ***sin***, féadfaidh siad a éileamh go ***ndéanfar*** earraí a ***tíolacadh dóibh a dheonú, a athchúrsáil nó a scriosadh ar bhealach eile de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 75*** agus cuirfidh siad an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir agus sealbhóir na n-earraí ar an eolas dá réir ***sin***. Is é an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir a íocfaidh costais an scriosta. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 76 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun earraí a scriosadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). | 4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun earraí a scriosadh ***ina gcuirfear san áireamh sábháilteacht na n-oifigeach custaim le haghaidh na ndaoine a dhéanann an scriosadh***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4). |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar ***sa réamhfhaisnéis*** lasta ar a laghad an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an tagairt uathúil don choinsíneacht, an coinsíneoir, an coinsíní, tuairisc ar na hearraí, an rangú taraife, an | ***2.*** Áireofar ***san fhaisnéis*** lasta ar a laghad an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an tagairt uathúil don choinsíneacht, an coinsíneoir, an coinsíní, tuairisc ar na hearraí, an rangú taraife, an |

| | |
|---|---|
| luach, na sonraí maidir leis an gcúrsa slí agus cineál agus sainaithint an mhodha iompair lena dtugtar na hearraí agus an costas iompair. Soláthrófar an réamhfhaisnéis lasta sula sroichfidh na hearraí críoch chustaim an Aontais. | luach, na sonraí maidir leis an gcúrsa slí***, lena n-áirítear an ceann scríbe deiridh*** agus cineál agus sainaithint an mhodha iompair lena dtugtar na hearraí agus an costas iompair. Soláthrófar an réamhfhaisnéis lasta sula sroichfidh na hearraí críoch chustaim an Aontais. ***Féadfaidh na húdaráis chustaim nó Údarás Custaim an Aontais níos mó sonraí a iarraidh chun críocha iontrála.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 81 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais a leagtar amach i ***dTeideal XII***, áiritheoidh oifig custaim na céadiontrála, laistigh de theorainneacha ama ***sonracha***, go ***ndéantar*** anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta ***go príomha*** agus***, i gcás inar féidir,*** chun críocha eile, ar bhonn na réamhfhaisnéise ***lasta*** agus faisnéise eile ***a sholáthraítear nó a chuirtear*** ar fáil ***di*** trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus déanfaidh sí na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin. | ***1.*** Gan dochar do ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais ***Eorpaigh*** a leagtar amach i ***dTeideal XII***, áiritheoidh oifig custaim na céadiontrála, laistigh de theorainneacha ama ***atá leordhóthanach agus comhréireach ó thaobh riosca de***, go ***ndéanfar*** anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta***,*** agus chun críocha ***comhlíonta*** eile, ar bhonn na réamhfhaisnéise ***lastais*** agus faisnéise eile ***arna soláthar nó arna cur*** ar fáil trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus déanfaidh sí na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 86 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá á stóráil go sealadach faoi nós imeachta custaim ***tráth nach déanaí ná 3 lá*** tar éis ***fógra a thabhairt maidir lena dteacht nó tráth nach déanaí ná 6 lá tar éis fógra a thabhairt faoina dteacht i gcás coinsíní údaraithe dá*** | 5. Cuirfear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá á stóráil go sealadach faoi nós imeachta custaim ***90 lá*** tar éis ***iad a thíolacadh do chustam***, mura ***n-éilíonn*** na húdaráis ***custaim go ndéanfar*** na hearraí a ***thíolacadh***. I gcásanna eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an |

***dtagraítear in Airteagal 116(4)***, ***pointe (b),*** mura ***gceanglaíonn*** na húdaráis ***chustaim*** na hearraí a ***chur i láthair***. I gcásanna eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sin.

teorainn ama sin.

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***beidh*** na sonraí ***is gá soláthartha nó curtha ar fáil*** do na húdaráis chustaim***, agus*** ní mór a ***áirithiú*** ar na sonraí ***sin***, ar a laghad, an ***t‑allmhaireoir*** atá freagrach as na hearraí, an díoltóir, an ceannaitheoir, an monaróir, soláthróir an ***táirge*** i gcás ina bhfuil sé sin ***difriúil leis an monaróir***, an ***t‑oibreoir*** eacnamaíoch freagrach san Aontas de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus ***Airt.*** 16 de Rialachán (AE) ***2023/XXXX*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[69] , luach, tionscnamh, agus ***rangú taraife na n‑earraí***, ***chomh maith le tuairisc ar na hearraí,*** tagairt uathúil na coinsíneachta agus a suíomh, agus ***an*** liosta de reachtaíocht ábhartha eile ***atá curtha*** i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim; | ***(a) go ndearnadh*** na sonraí ***riachtanacha, comhlíontacha, a sholáthar*** do na húdaráis chustaim ***nó a chur ar fáil dóibh.*** Ní mór a ***áireamh*** ar na sonraí ***a cheanglaítear***, ar a laghad, an ***t-allmhaireoir*** atá freagrach as na hearraí, an díoltóir, an ceannaitheoir, an monaróir, ***an*** soláthróir ***táirgí i gcás nach ionann é sin agus*** an ***monaróir,*** i gcás ***earraí críochnaithe nó leathchríochnaithe, tionscnamh na gcomhpháirteanna i gcás*** ina bhfuil sé sin ***ábhartha chun reachtaíocht ábhartha eile a fhorfheidhmiú agus i gcás nach ionann é agus tionscnamh na n-earraí atá le cur***, an ***t-oibreoir*** eacnamaíoch freagrach san Aontas de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus ***Airteagal*** 16 de Rialachán (AE) ***2023/XXXX69*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, luach, tionscnamh, ***aicmiú taraife*** agus ***tuairisc na n-earraí***, tagairt uathúil na coinsíneachta agus a suíomh, agus liosta de reachtaíocht ábhartha eile ***arna cur*** i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim; |
| [69] Rialachán (AE) Uimh. 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ../../2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón | [69] Rialachán (AE) Uimh. 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ../../2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón |

| | |
|---|---|
| gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L... ). | gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L... ). |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***comhlíonfaidh*** na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a ***chuireann*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | (d) ***gur fionnadh go gcomhlíonann*** na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a ***chuir*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 95 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Onnmhaireoirí ar mian leo earraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais, soláthróidh siad íosfhaisnéis réamhimeachta laistigh de theorainn ama ***shonrach*** sula dtabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais. | 1. Onnmhaireoirí ar mian leo earraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais, soláthróidh siad íosfhaisnéis réamhimeachta laistigh de theorainn ama ***atá leordhóthanach agus comhréireach leis an riosca*** sula dtabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 95 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) faisnéis lenar féidir cineál na n-earraí agus a n-aicmiú custaim a shainaithint d'fhonn reachtaíocht ábhartha eile a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 97 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar do ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar amach i ***dTeideal IV***, áiritheoidh ***an*** oifig custaim, laistigh de theorainn ama ***shonrach***, go ***ndéantar*** anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta ***go príomha*** agus***, i gcás inar féidir,*** chun críocha eile, ar bhonn na faisnéise réamhimeachta agus ***faisnéis*** eile ***a sholáthraítear nó a chuirtear*** ar fáil ***di*** trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus déanfaidh sí na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin. | 1. Gan dochar do ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar amach i ***dTeideal IV***, áiritheoidh oifig custaim ***an onnmhairithe***, laistigh de theorainn ama ***atá leordhóthanach agus comhréireach ó thaobh riosca de***, go ***ndéanfar*** anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta agus chun críocha eile ***comhlíonta***, ar bhonn na faisnéise réamhimeachta agus ***faisnéise*** eile ***arna soláthar nó arna cur*** ar fáil trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus déanfaidh sí na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 118 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***comhlíonfaidh*** na hearraí an reachtaíocht eile a ***chuireann*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | (b) ***gur fionnadh go gcomhlíonann*** na hearraí an reachtaíocht eile a ***chuir*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 132 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ***comhlíonann*** na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a ***chuireann*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | (f) ***gur fionnadh go gcomhlíonann*** na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a ***chuir*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 135 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***comhlíonann*** na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a ***chuireann*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. | (e) ***gur fionnadh go gcomhlíonann*** na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a ***chuir*** na húdaráis chustaim i bhfeidhm. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 149 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. I gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann go fóill maidir le barántúlacht an doiciméid atá i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí, diúltóidh na húdaráis chustaim atá ag déileáil le teacht isteach na n-earraí lena mbaineann teidlíocht ar na fabhair agus cuirfidh siad é sin in iúl d'údaráis chustaim an tríú tír lena mbaineann agus diúltóidh siad don dearbhú. Tabharfar fógra faoin diúltú i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 150 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ***I gcás ina bhfuil roghnaithe ag*** an ***allmhaireoir an*** chóireáil shimplithe ***taraife*** a chur i bhfeidhm ***maidir*** le ciandíolacháin, ***ní fhéadfaidh an t-allmhaireoir tairbhiú de*** na bearta dá dtagraítear in ***Airteagal 145***(2), ***pointí*** (d) agus (e), nó ***de*** bhearta fabhracha neamhtharaife. | 10. ***Fiú má roghnaigh*** an ***t-allmhaireoir an*** chóireáil ***taraife*** shimplithe a chur i bhfeidhm le ***haghaidh*** ciandíolacháin, ***beidh feidhm ag*** na bearta dá dtagraítear in ***Airteagal 145***(2), ***pointí*** (d) agus (e), nó ***ó*** bhearta fabhracha neamhtharaife. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 159 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil chun críoch na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, i gcás inarb é toradh na gníomhaíochta sin nár bailíodh an dleacht ar allmhairí go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin an duine a sholáthair an fhaisnéis sin agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach. | Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil chun críoch na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, i gcás inarb é toradh na gníomhaíochta sin nár bailíodh an dleacht ar allmhairí go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin an duine a sholáthair an fhaisnéis sin agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach. ***Beidh an duine sin freagrach as aon mhuirear eile is infheidhme a íoc.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 159 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha nó críocha chuig custaiméir atá ar chríoch chustaim an Aontais, tabhóidh an t-allmhaireoir measta fiach custaim nuair a ghlacfar le híocaíocht an chiandíolacháin agus is eisean an féichiúnaí sa chás sin freisin. | 3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha nó críocha chuig custaiméir atá ar chríoch chustaim an Aontais, tabhóidh an t-allmhaireoir measta fiach custaim nuair a ghlacfar le híocaíocht an chiandíolacháin agus is eisean an féichiúnaí sa chás sin freisin. ***Beidh an t-allmhaireoir measta freagrach freisin as aon mhuirear eile is infheidhme a íoc.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 201 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart na mbeart sriantach a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme atá faoi réir a inniúlachta agus, faoi réir ***athbhreithnithe*** agus ***údaraithe*** ag an gCoimisiún, trí threoraíocht iomchuí a sholáthar do na húdaráis chustaim. | 1. Rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart na mbeart sriantach a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ***sna réimsí*** atá faoi réir a inniúlachta agus, faoi réir ***athbhreithniú*** agus ***údarú*** ag an gCoimisiún, trí threoraíocht iomchuí a sholáthar do na húdaráis chustaim. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 203 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) géarchéim ag teorainn Ballstáit amháin nó níos mó a ***bhfuil*** tionchar aici ar na próisis chustaim; | (a) géarchéim ag teorainn Ballstáit amháin nó níos mó a ***bhféadfadh*** tionchar ***a bheith*** aici ar na próisis chustaim; |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 203 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) creat comhair idir údaráis chustaim agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i réimsí ina mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le bainistiú an aontais custaim.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 204 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh Údarás Custaim an | 2. Déanfaidh Údarás Custaim an |

| | |
|---|---|
| Aontais Eorpaigh maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme na mbeart agus na socruithe iomchuí ag na húdaráis chustaim agus déanfaidh sé iad a chomhordú agus tuairisceoidh sé torthaí an chur chun feidhme sin don Choimisiún. | Aontais Eorpaigh maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme na mbeart agus na socruithe iomchuí ag na húdaráis chustaim agus déanfaidh sé iad a chomhordú agus tuairisceoidh sé torthaí an chur chun feidhme sin don Choimisiún***, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle***. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 204 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Bunóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cill freagartha i gcás géarchéime a bheidh ar fáil go buan le linn na géarchéime. | 3. Bunóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cill freagartha i gcás géarchéime a bheidh ar fáil go buan le linn na géarchéime. ***Glacfaidh Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh Custaim páirt i gcruinnithe na cille.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais ***Eorpaigh le bainistíocht*** oibríochtúil an aontais custaim, agus ***leis*** sin déanfaidh sé ***comhar*** oibríochtúil idir údaráis chustaim ***a chomhordú*** agus ***a mhaoirsiú*** agus soláthróidh sé saineolas teicniúil chun éifeachtúlacht agus seachadadh torthaí a mhéadú; | ***(a)*** rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais ***le bainistiú*** oibríochtúil an aontais custaim, agus ***ar an gcaoi*** sin déanfaidh sé ***comhordú agus maoirseacht ar an gcomhar*** oibríochtúil idir údaráis chustaim agus ***comhthiomsóidh sé*** agus soláthróidh sé ***treoir maidir le*** saineolas teicniúil ***maidir le dea-chleachtais*** chun éifeachtúlacht agus seachadadh torthaí a mhéadú; |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(d a) comhoibreoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais i réimsí ina mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le bainistiú an aontais custaim.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(d b) rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais go gníomhach le feidhmíocht éifeachtach a misin ag údaráis chustaim chun tacú le gníomhaíocht dhlisteanach ghnó, trí chothromaíocht chuí a choinneáil idir rialuithe custaim, trádáil dhlisteanach a éascú, cosaint ar thrádáil neamhdhleathach agus próisis agus nósanna imeachta custaim a shimpliú i gcomhréir go hiomlán leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 207 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2 a. Gan dochar do fhreagrachtaí an Choimisiúin, ENISA agus na mBallstát faoi seach, áiritheoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go ndéanfar Mol Sonraí Custaim an Aontais a chosaint go leordhóthanach ar ghníomhaíochtaí trasnaíochta agus cibirionsaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus, i ndáil leis sin, cuideoidh sé le feasacht a*** |

| | |
|---|---|
| | ***mhúscailt i measc na n-údarás custaim náisiúnta.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-a tacú le húdaráis náisiúnta chustaim ina gcomhrac i gcoinne imchéimniú reachtaíochta custaim agus reachtaíochta ábhartha eile ag oibreoirí eacnamaíocha calaoiseacha;*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| inneachar íosta na hoiliúna coitinne a ullmhú d'oifigigh chustaim san Aontas agus faireachán a dhéanamh ar ***an*** úsáid ***a bhaineann*** údaráis chustaim ***as***; | *(c)* inneachar íosta na hoiliúna coitinne a ullmhú d'oifigigh chustaim san Aontas agus ***i gcuibhreann le hinstitiúidí ábhartha eile de chuid an Aontais nó le hinstitiúidí idirnáisiúnta ábhartha eile agus*** faireachán a dhéanamh ar ***a*** úsáid ***ag*** údaráis chustaim; |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) inneachar íosta na hoiliúna coitinne a ullmhú do na Trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, i gcomhréir le hAirteagal 25(3)(e);*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c b) tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do FBManna agus do MFBManna, lena n-áirítear trí threoirlínte agus lámhleabhair, chun tuiscint ar reachtaíocht agus nósanna imeachta custaim a éascú agus chun critéir an chláir Iontaoibhe agus Seiceála trádálaithe a leagtar amach in Airteagal 25(3) a chomhlíonadh;*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) tacú le forfheidhmiú fhorálacha ábhartha na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha;*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) cur i bhfeidhm an chreata comhair a mhaoirsiú agus a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 242(1);*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i b) comhoibriú le rúnaíochtaí na gComhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil ábhartha i gcás inarb ábhartha;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**100 Airteagal 208 – mír 3 – pointe l a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(l a) cur chuige coiteann custaim a chothú go réamhghníomhach d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Comhchuibhithe d'fhonn tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le trádáil in earraí glasa;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**101 Airteagal 208 – mír 3 – pointe l b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(l b) ionchur a chur ar fáil don Choimisiún maidir le tograí reachtacha a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu maidir le misean, ról nó feidhmiú an chustaim;*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**102 Airteagal 208 – mír 3 – pointe l c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(l c) comhaontú maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus sonraí iontaofa a éascú i measc na n-údarás náisiúnta custaim d'fhonn an*** |

***bhearna ioncaim custaim a ríomh;***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**101 Airteagal 208 – mír 3 – pointe l d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(l d) ceanglais chomhchuibhithe agus aontaithe sonraí maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a áirithiú.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 208 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Faoi 2029 agus tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás Custaim an Aontais, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar an gcomhsheasmhacht idir an Rialachán seo agus na rialacha módúlachtaí arna mbunú le reachtaíochtaí eile chun a gcuspóir féin a bhaint amach, agus tograí tionlacain ag gabháil léi más gá. Cuirfear an tuarascáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 211 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) Bord Comhairleach Custaim a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 221a.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, agus cearta vótála acu uile. | *1.* Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, agus ***comhalta amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, agus*** cearta vótála acu uile. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Áireofar ar an mBord Bainistíochta freisin comhalta amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, gan ceart vótála.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an tréimhse sin a ***fhadú***. | *5.* 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an tréimhse sin a ***shíneadh faoi dhó***. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Glacfaidh Cathaoirleach an*** |

***Bhoird Chomhairligh Custaim dá dtagraítear in Airteagal 221a páirt sa Bhord Bainistíochta agus beidh stádas breathnóra aige.***

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 214 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh*** an Bord Bainistíochta ***a iarraidh ar*** aon duine ar díol spéise a thuairim freastal ar a ***chruinnithe i gcáil breathnóra***. | 4. ***Tabharfaidh*** an Bord Bainistíochta ***cuireadh d'***aon duine ar díol spéise a thuairim ***nó a tuairim*** freastal ar a ***chuid cruinnithe mar bhreathnóir, eadhon ionadaithe arna n-ainmniú chuig an mBord Comhairleach Custaim mar a shainmhínítear in Airteagal 215(1)(v a)***. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 215 – mír 1 – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(v a) comhlacht comhairleach a bhunú a dhéanann ionadaíocht ar raon iomlán na bpáirtithe leasmhara a ndéanann obair Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh atá bunaithe san Aontas difear dóibh, agus rachaidh sé i gcomhairle leis sula ndéanfaidh sé cinntí. Cuirfidh na páirtithe leasmhara sin gníomhairí custaim atá bunaithe san Aontas san áireamh. Ní bheidh tuairim an chomhlachta chomhairligh ina ceangal ar an mBord Bainistíochta i gcás ar bith.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 215 – mír 1 – pointe v a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(v a) D'fhéadfadh sé a bheith indéanta d'Ionadaithe Tríú Tíortha a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí ar an mBord Comhairleach Custaim nuair a bhunaítear coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht den sórt sin i gComhaontuithe an Aontais agus nuair a chomhlíontar cómhalartacht.*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 217 – mír 4**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta ***de*** bheirt ionadaithe ón gCoimisiún ***agus seisear comhalta*** eile ***a cheapfaidh an Bord*** Bainistíochta as measc a ***chuid comhaltaí*** a bhfuil ***sé de cheart acu vótáil***. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige. Déanfar cinntí an Bhoird Feidhmiúcháin a ghlacadh trí thromlach simplí. Ní féidir na cinntí maidir le mír (2), pointe (b) a dhéanamh ach amháin má chaitheann ionadaí amháin ón gCoimisiún vóta deimhneach. | ***4.*** Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta ***den*** bheirt ionadaithe ón gCoimisiún ***chuig an mBord Bainistíochta, triúr comhaltaí*** eile ***arna gceapadh ag an mBord*** Bainistíochta as measc a ***chomhaltaí*** a bhfuil ***ceart vótála acu agus cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh Custaim dá dtagraítear in Airteagal 221a***. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige. Déanfar cinntí an Bhoird Feidhmiúcháin a ghlacadh trí thromlach simplí. Ní féidir na cinntí maidir le mír (2), pointe (b) a dhéanamh ach amháin má chaitheann ionadaí amháin ón gCoimisiún vóta deimhneach. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal XII – Caibidil 3 – Roinn 3 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***ROINN 3 a (nua)*** |
| | ***An Bord Comhairleach Custaim*** |

***Airteagal 221 a (nua)***

***Bord Comhairleach Custaim***

***1. Bunaítear Bord Comhairleach Custaim chun cúnamh a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin agus d'Údarás Custaim an Aontais.***

***2. Tá sé de chúram ar an mBord Comhairleach Custaim:***

***(a) ionchur a thabhairt maidir le gnéithe custaim de reachtaíocht eile;***

***(b) luathrabhaidh a sheoladh i gcás imní a bhfuil bunús leis gur dócha go sáróidh earraí áirithe a allmhairítear isteach san Aontas reachtaíocht chustaim nó reachtaíocht eile.***

***3. Beidh an Bord Comhairleach Custaim comhdhéanta de 10 n-ionadaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó ghnólachtaí ar bhealach cothrom, a dhéanfaidh ionadaíocht ar chónaidhm fostóirí, lena n-áirítear cónaidhm FBM amháin ar a laghad, eagraíochtaí tomhaltóirí uile-Eorpacha agus ceardchumainn agus eagraíochtaí sóisialta sibhialta um chearta an duine agus an comhshaol. Glacfaidh CAB a rialacha nós imeachta 6 mhí tar éis cheapadh a chomhaltaí. Áiritheoidh an Coimisiún an rúnaíocht. Déanfaidh an CAB a chinntí ar bhonn comhthoiliúil. Is 48 mí a bheidh i sainordú na gcomhaltaí agus féadfar síneadh a chur leis an sainordú sin.***

***4. Tionólfaidh an Bord Comhairleach Custaim gnáthchruinniú amháin ar a laghad i ngach tréimhse sé mí. Ina theannta sin, tiocfaidh sé le chéile arna iarraidh sin d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nó don Bhord Feidhmiúcháin.***

***5. Soláthróidh Grúpaí Comhairleacha Baile (DAGanna) arna mbunú faoi FTAnna ionchur atá ábhartha do luathrabhaidh maidir le trádáil neamhdhleathach nó rioscaí eile***

| | |
|---|---|
| | ***go dtiocfaí timpeall ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana. Féadfar an fhaisnéis ó DAGanna a sholáthar suas le coicís roimh ghnáthchruinniú CAB tríd an ardán sonrach i Mol Sonraí Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 235 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = ***5*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin ar fheidhmíocht Údarás Custaim an Aontais maidir lena chuspóirí, lena shainordú, lena chúraimí agus lena rialachas agus lena shuíomh nó lena shuíomhanna. | ***1.*** Tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = ***4*** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin ar fheidhmíocht Údarás Custaim an Aontais maidir lena chuspóirí, lena shainordú, lena chúraimí agus lena rialachas agus lena shuíomh nó lena shuíomhanna. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 240 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhoibreoidh údaráis chustaim le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear***, ach gan a bheith teoranta dóibh,*** údaráis faireachais margaidh, údaráis sláintíochta agus fíteashláintíochta, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach, ***i réimse na reachtaíochta*** eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, bailiú dleachtanna agus cánacha agus réimsí ábhartha eile comhair. I gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh na húdaráis chustaim freisin le comhlachtaí ábhartha, le grúpaí saineolaithe, le gníomhaireachtaí, le | ***1.*** Comhoibreoidh údaráis chustaim le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear údaráis faireachais margaidh, údaráis sláintíochta agus fíteashláintíochta, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach, ***agus aon údaráis*** eile ***atá freagrach as reachtaíocht eile*** a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ***a chur chun feidhme***, bailiú dleachtanna agus cánacha agus réimsí ábhartha eile comhair***, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin***. ***Tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra láithreach do na húdaráis*** |

hoifigí nó le líonraí a dhéanann comhordú ar ghníomhaíochtaí údarás eile ar leibhéal an Aontais. I gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh údaráis chustaim freisin le páirtithe ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, dá dtagraítear i mír 9, agus tabharfaidh na húdaráis chustaim lena mbaineann fógra d'Údarás Custaim an Aontais.

***ábhartha maidir le sárú amhrasta ar reachtaíochtaí eile de chuid an Aontais agus seolfaidh siad fógra*** i ***Mol Sonraí Custaim an Aontais. I*** gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh na húdaráis chustaim freisin le comhlachtaí ábhartha, le grúpaí saineolaithe, le gníomhaireachtaí, le hoifigí nó le líonraí a dhéanann comhordú ar ghníomhaíochtaí údarás eile ar leibhéal an Aontais. I gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh údaráis chustaim freisin le páirtithe ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, dá dtagraítear i mír 9, agus tabharfaidh na húdaráis chustaim lena mbaineann fógra d'Údarás Custaim an Aontais.

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 240 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) scileanna agus dea-chleachtais a mhalartú trí oiliúint chomhpháirteach maidir le conas táirgí neamhchomhlíontacha a bhrath, lena n-áirítear a bheith cothrom le dáta ar feadh an ama maidir le haon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais chomhlíontachta amhail na ceanglais sin a bhaineann le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht táirgí.*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 242 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-a cinneadh a dhéanamh ar liosta seirbhísí lena saineofar go soiléir an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na húdaráis*** |

***chustaim i gcur i bhfeidhm beartas ábhartha eile ag teorainneacha an Aontais;***

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 243 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus faoi réir a fhormheasta roimh ré, socruithe oibre a thabhairt i gcrích le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ní chruthóidh na socruithe sin oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas. | Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus faoi réir a fhormheasta roimh ré, socruithe oibre a thabhairt i gcrích le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. ***Cuirfear na socruithe sin in iúl do na húdaráis náisiúnta chustaim agus d'údaráis inniúla náisiúnta ábhartha eile.*** Ní chruthóidh na socruithe sin oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas. ***Féadfaidh siad cumhacht a thabhairt d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faisnéis a mhalartú le húdaráis tríú tíortha, chomh maith le dea-chleachtais agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh amhail rialuithe comhpháirteacha arb é is aidhm dóibh imchéimniú ar reachtaíocht chustaim an Aontais agus ar reachtaíocht ábhartha eile ag oibreoirí eacnamaíocha calaoiseacha a sheachaint agus comhlíonadh dhlí an Aontais ag allmhairí a áirithiú.*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 247 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Duine atá freagrach as gníomh nó neamhghníomh ***as a n-eascraíonn*** sárú custaim dá dtagraítear in ***Airteagal 252, nuair a chuireann an duine sin an fhianaise ar fáil gur de mheon macánta a*** | 1. ***I gcás ina gcruthóidh an*** duine atá freagrach as gníomh nó neamhghníomh ***a raibh*** sárú custaim ***de réir bhrí Airteagal 252 mar thoradh air gur ghníomhaigh sé de mheon macánta, cuirfear é sin san*** |

| | |
|---|---|
| ***ghníomhaigh sé/sí, cuirfear san áireamh í*** agus an smachtbhanna ***dá dtagraítear in Airteagal 254 á chinneadh.*** | ***áireamh agus an pionós*** dá dtagraítear in ***Airteagal 254 á chinneadh. Tabharfar tosaíocht d'fheabhas a chur ar phróisis na cuideachta i gcomhpháirtíocht chun earráidí a chosc sula bhforchuirfear aon smachtbhanna.*** Agus an smachtbhanna ***atá le forchur i leith an chiona custaim á laghdú, cuirfear na cúinsí seo a leanas san áireamh:*** |
| | ***(a) nach bhfuil na hearraí atá i gceist faoi réir na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis custaim i bhfeidhm;*** |
| | ***(b) nach bhfuil tionchar suntasach ag an gcion custaim ar mhéid na ndleachtanna custaim agus na muirear eile atá le híoc a chinneadh;*** |
| | ***(c) go gcomhoibreoidh an duine atá freagrach as an sárú go héifeachtach leis an údarás custaim;*** |
| | ***(d) an taithí roimhe seo leis an oibreoir eacnamaíoch;*** |
| | ***(e) castacht an idirbhirt fholuitigh, líon na n-idirbheart comhchosúil;*** |
| | ***(f) soiléireacht na bhforálacha a bheidh le comhlíonadh;*** |
| | ***(g) ceartú faisnéise atá neamhiomlán nó earráideach trí tharchur sonraí ina dhiaidh sin.*** |

*Justification*

*De réir loighic aithris 62, tá gá le tuilleadh critéar chun imthosca maolaitheacha a bhunú.*

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 252 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) sárú ar an allmhaireoir agus oibleagáidí a mheastar a bheith ar allmhaireoirí i gcomhréir le hAirteagal 20*** |

***agus Airteagal 21.***

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 253 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus Údarás Custaim an Aontais dea-chleachtais agus modheolaíochtaí a mhalartú chun éifeachtacht na smachtbhannaí a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún a mheas an leor na smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a chuspóirí a bhaint amach.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 255 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Chun críche mhír 1, cuirfear an méid seo a leanas, inter alia, san áireamh sa mheastóireacht:*** |
| | ***- cáilíocht an chomhair idir na húdaráis chustaim agus idir na húdaráis chustaim agus údaráis ábhartha eile;*** |
| | ***- éifeachtacht na rialuithe custaim, ábharthacht na dteicneolaíochtaí atá ann cheana;*** |
| | ***- comhlíontacht fhoriomlán na n-earraí a thagann isteach ar chríoch chustaim an Aontais leis an reachtaíocht chustaim agus le reachtaíocht eile;*** |
| | ***- cineál na sáruithe arna miondealú de réir catagóire;*** |
| | ***- líon na nOibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus na dtrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, céatadán na n-*** |

| | |
|---|---|
| | ***aistarraingtí den stádas agus na cúiseanna atá leis;*** |
| | ***-	cineál na socruithe oibre agus na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 243;*** |
| | ***-	comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí, marcáil tionscnaimh agus lipéadú ag earraí allmhairithe;*** |
| | ***-	meastachán ar an mbearna ioncaim custaim.*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 256 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Fíoróidh an Coimisiún an tuarascáil agus tarchuirfidh sé í ina dhiaidh sin chuig na Ballstáit mar fhaisnéis. | ***4.*** Fíoróidh an Coimisiún an tuarascáil agus tarchuirfidh sé í ina dhiaidh sin chuig na Ballstáit ***agus chuig Parlaimint na hEorpa*** mar fhaisnéis. ***Déanfaidh an Coimisiún na príomhthorthaí a thuairisciú ina thuarascáil ar chur chun feidhme an chomhbheartais tráchtála.*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ... Faoin... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = ***5*** bliana i ndiaidh an teachta i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil faoin meastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. | Faoin ... Faoin... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = ***4*** bliana i ndiaidh an teachta i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil faoin meastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) measúnú ar indéantacht an stádais Iontaoibhe agus Seiceála d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar na himpleachtaí do chritéir iomchuí deimhniúcháin;*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) measúnú ar na spriocdhátaí a leagtar amach i bhfomhír 1 d'Airteagal 6(2) agus i bhfomhír 1 d'Airteagal 6(3) d'fhonn iad a ghiorrú i gcás inarb iomchuí;*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b c) measúnú ar chruinneas agus iontaofacht na faisnéise a sholáthraítear i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh;*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b d) measúnú ar an gcothromaíocht idir inrochtaineacht agus rúndacht sonraí íogaire a sholáthraítear agus a phróiseáiltear i Mol Sonraí Custaim an Aontais;*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 258 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b e) meastóireacht ar na seirbhísí tacaíochta agus ar na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh cúnamh d'úsáideoirí, go háirithe do FBManna, agus nascleanúint Mhol Sonraí Custaim an Aontais.*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 261 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, ***59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265 a ghlacadh.*** | ***2.*** Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, ***24,*** 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, ***59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265 a ghlacadh.*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 261 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, ***59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*** | ***3.*** An tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, ***24,*** 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, ***59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 261 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, ***59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don*** | ***6.*** Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, ***24,*** 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, ***59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa*** |

| | |
|---|---|
| ***Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*** | ***agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ***ón 1 Márta 2028***: | ***2.*** Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ***12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus tráth nach déanaí ná an 1 Márta 2028***: |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar síos in Airteagal 29 i ngníomh go hiomlán faoin ***31 2037***. | ***3.*** Beidh feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar síos in Airteagal 29 i ngníomh go hiomlán faoin ***31 2035***. |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 265 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tosú ar a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán seo a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ón 1 Mhárta ***2032***. | ***4.*** Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tosú ar a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán seo a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ón 1 Mhárta ***2031***. |

## ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR FOR THE OPINION HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur for the opinion. The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft opinion, until the adoption thereof in committee:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| European Commission DG TAXUD |
| BEUC |
| FEB/VBO |
| Institute of Export and International Trade |
| Permanent Representation of Belgium to the EU |
| IEEP |
| Green Customs Initiative / UNEP |
| World Customs Organisation |

# NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0258 – C9-0175/2023 – 2023/0156(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>19.10.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 19.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Saskia Bricmont<br>27.6.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 0<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Markéta Gregorová, Roman Haider, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Ernő Schaller-Baross, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Michiel Hoogeveen, Włodzimierz Karpiński, Liudas Mažylis |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 31 | + |
|---|---|
| ID | Roman Haider |
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Daniel Caspary, Włodzimierz Karpiński, Gabriel Mato, Liudas Mažylis, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Domènec Ruiz Devesa, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Dominik Tarczyński, Jan Zahradil |
| ID | Paolo Borchia, Danilo Oscar Lancini, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Ernő Schaller-Baross |
| Renew | Jordi Cañas |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh